# Cáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta

I gcomhair comhairliúcháin

Meán Fómhair 2025

# An Clár Ábhar


**RÉAMHRÁ** ..... 4

**CUID 1: CÚLRA AGUS COMHTHÉACS** ..... 5
- Forbairtí idirnáisiúnta san oideachas NTI ..... 5
- Forbairtí náisiúnta i mbeartas oideachais NTI ..... 7
- Forbairtí le déanaí ar churaclam na Nuatheangacha Iasachta sa tsraith shinsearach ..... 7

**Achoimre ar an gCuid seo** ..... 8

**CUID 2: NTI SA CHURACLAM** ..... 9

**Nuatheangacha Iasachta sa tsraith shóisearach** ..... 9

**NTI sa tsraith shinsearach** ..... 9
- Teangacha neamhchuraclaim ..... 10
- Struchtúr agus ábhar an tsiollabais ..... 10

**Nuatheangacha Iasachta i bhfócas** ..... 11
- Rannpháirtíocht an scoláire ..... 11
- Measúnú don teistiúchán ..... 11
- Léargas ó thuarascálacha an Phríomh-Scrúdaitheora ..... 14
- Léargas ó thuarascálacha cigireachta ..... 14

**Achoimre ar an gCuid seo** ..... 15

**CUID 3: LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA** ..... 16

**Rannpháirtíocht na scoláirí** ..... 16

**Soláthar agus glacadh NTI sa tsraith shinsearach** ..... 17

**Measúnú** ..... 17
- Comhpháirt mheasúnaithe ó bhéal ..... 18
- Comhpháirt mheasúnaithe chluastuisceana ..... 18
- Comhpháirt scríofa ..... 18

**Achoimre ar an gCuid seo** ..... 19

**CUID 4: TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS NUATHEANGACHA IASACHTA** ..... 20

**An Fhrainc** ..... 20

An Ísiltír ....................................................................................................................................21

Ontario ........................................................................................................................................21

An Spáinn....................................................................................................................................22

Albain..........................................................................................................................................22

Victoria .......................................................................................................................................23

Breathnuithe maidir le dlínsí idirnáisiúnta..................................................................................23

Achoimre ar an gcuid seo ...........................................................................................................24

CUID 5: CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU ................ 25

Creatchuraclam comhtháite NTI na hArdteistiméireachta..........................................................25

Cur i láthair agus ailíniú FTCE ....................................................................................................25

Deiseanna chun teanga a chur i bhfeidhm san fhíorshaol ..........................................................26

Foghlaim, teagasc agus measúnú a ailíniú ..................................................................................27

Achoimre ar an gCuid seo ...........................................................................................................28

CUID 6: TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR NTI AT................................................. 29

AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 4. ......................................................................................... 31

TAGAIRTÍ ......................................................................................................... 41

## Réamhrá


Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cé gur cuireadh athfhorbairt Araibis na hArdteistiméireachta le Tráinse 1 agus dul chun cinn déanta ar obair an ábhair sin roimh fhógra an Aire i mí Márta 2022, bhí sonraíochtaí nuatheangacha iasachta eile na hArdteistiméireachta le cur le Tráinse 4 (an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Spáinnis) agus Tráinse 5 (an tSeapáinis, an Liotuáinis, an Mhandairínis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rúisis). I mí Bealtaine 2025, d'fhaomh Comhairle CNCM athfhorbairt a dhéanamh ar svuít na sonraíochtaí nuatheangacha iasachta Ardteistiméireachta (NTI AT) sin faoi chur chuige comónta i leith chreatchuraclam NTI. Tionólfar Grúpa Forbartha NTI AT uileghabhálach mar chuid den obair athfhorbartha ar Thráinse 4 agus cuirfear de chúram air creat NTI AT a fhorbairt, chomh maith le hathbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar dheich sonraíocht NTI AT atá le hathbhreithniú i dTráinse 4 agus 5, le tacaíocht ó thascghrúpaí teanga chun an oilteacht maidir le gach nuatheanga iasachta a chur ar fáil. Beidh athfhorbairtí i dTráinse 4 agus Tráinse 5 i gceist le hathfhorbairt NTI AT.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh an athbhreithnithe ar NTI AT agus rinne tuairimí múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra na Nuatheangacha Iasachta, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha. I gCuid 2 léirítear an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar Nuatheangacha Iasachta laistigh de churaclam na hÉireann, sula ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar phríomhléargas a bhaineann le foghlaim ábhair agus ar mheasúnú don teistiúchán. Tugtar forléargas i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas le linn na gcuairteanna scoile a rinneadh agus trí fíorthaithí ceannairí scoile, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar shé dhlínse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na trí chuid roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt NTI AT roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

# Cuid 1: Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí suntasacha maidir le NTI AT ó tugadh isteach i dtosach iad, sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartas níos leithne, ar ceisteanna tábhachtacha comhthéacsúla iad le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt NTI AT. I bhFíor 1 tugtar amlíne ina léirítear tabhairt isteach agus/nó an athfhorbairt is déanaí ar churaclaim NTI AT i gcomhthéacs na bhforbairtí tábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse an oideachais teanga.




*Fíor 1 Amlíne ina léirítear tabhairt isteach nó na curaclaim NTI AT is déanaí agus forbairtí ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta*

Forbraíodh na siollabais reatha maidir le Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis na hArdteistiméireachta ag baint úsáid as creat comónta siollabais agus tugadh isteach sna scoileanna in 1995 iad. Forbraíodh Seapáinis agus Rúisis na hArdteistiméireachta i ndiaidh an chreata chomónta siollabais sin, agus tugadh Rúisis na hArdteistiméireachta isteach in 2001, agus Seapáinis na hArdteistiméireachta ina dhiaidh sin, in 2003. Forbraíodh sonraíochtaí curaclaim maidir le Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis agus Mandairínis na hArdteistiméireachta ag baint úsáid as cur chuige creatchuraclaim nuashonraithe. Athfhorbraíodh Araibis na hArdteistiméireachta le déanaí, a tugadh isteach in 1995 den chéad uair, mar chuid d'athbhreithnithe ar ábhair Thráinse 1.

## Forbairtí idirnáisiúnta san oideachas NTI

Tugadh isteach na siollabais NTI thuasluaite i gcomhthéacs forbairtí suntasacha idirnáisiúnta san oideachas NTI, a spreagadh go mór le hobair mhór a rinneadh i gClár Beartais Teanga Chomhairle na hEorpa chun trédhearcacht agus comhleanúnachas na mbeartas náisiúnta a chur chun cinn ar fud na mBallstát chomh maith le foghlaim teanga éifeachtach, measúnú, agus dearadh curaclaim. Mar thoradh ar an obair sin, foilsíodh *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú* (FTCE) in 2001, creat cumais lena dtugtar bunús do shiollabais teanga, treoirlínte curaclaim, agus scrúduithe ar fud 46 bhallstát Chomhairle na hEorpa agus níos faide i gcéin. Ó foilsíodh é, leanadh den taighde agus den chomhoibriú agus mar thoradh air sin, foilsíodh *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú: An tImleabhar a Ghabhann leis* (FTCEI) in 2020, lenar nuashonraíodh agus lenar cuireadh leis an gcreat bunaidh, le téacs níos soláimhsithe.

Mar aon le hobair Chomhairle na hEorpa, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Moladh maidir le hocht bpríomhinniúlacht don fhoghlaim ar feadh an tsaoil i mí Bealtaine 2018, ina sainaithnítear

inniúlacht ilteangach agus feasacht agus léiriú cultúir mar phríomhinniúlachtaí atá riachtanacha do shaoránaigh ó thaobh an tsásaimh phearsanta de, na stíle maireachtála sláintiúla inbhuanaithe, na hinfhostaitheachta, na saoránachta gníomhaí agus an ionchuimsithe shóisialta. Ghlac Leas-Airí an Aontais Eorpaigh leis an Moladh do bhallstáit maidir le tábhacht an oideachais ilteangaigh agus idirchultúrtha don chultúr daonlathach an 2 Feabhra 2022. Leagtar béim ann ar ról tábhachtach an oideachais ilteangaigh agus idirchultúrtha ó thaobh cultúr daonlathach a chothú, an ionchuimsithe shóisialta, agus cearta daonna, agus gríosaítear na ballstáit beartais teanga ionchuimsitheacha a chur chun feidhme, ina léirítear meas ar an éagsúlacht teanga, ina gcuirtear foghlaim níos mó ná teanga amháin chun cinn, agus ina n-imeasctar cumas idirchultúrtha ar fud gach leibhéal oideachais. Éilítear ann go dtugtar aitheantas do theangacha baile agus do theangacha mionlaigh, go n-úsáidtear uirlisí digiteacha chun tacú le foghlaim teanga, agus go bhforbraítear modhanna measúnaithe a thagann le spriocanna agus prionsabail ilteangacha agus idirchultúrtha a leagtar amach in FTCE agus FTCEI.

## Aidhmeanna agus prionsabail oideachais FTCEI

In FTCEI, cuirtear chun cinn teagasc agus foghlaim teangacha mar mhodh cumarsáide, agus le *"cur chuige dírithe ar ghníomh, aithnítear nach dul chun cinn líneach é inniúlacht teanga a fhorbairt trí struchtúir teanga ná trí sraith réamhshocraithe tuairimí agus feidhmeanna."*[1] In áit féachaint ar inniúlacht teanga ag dul i méid ó thaobh bogadh ó struchtúir ghramadaí shimplí go cinn chasta, aithnítear castacht an phróisis foghlama teanga agus na húsáide teanga sa chur chuige seo. Ós rud é go mbíonn tionchar ag an gcomhthéacs staide agus ag na daoine a bhfuil baint acu leis an gcumarsáid féin ar an gcumarsáid, ní mór d'fhoghlaimeoirí teanga cumas ginearálta a shealbhú chomh maith le hinniúlachtaí teanga cumarsáideacha chun cumarsáid éifeachtach a bhainistiú.

Athraíodh an t-oideachas teanga ó bhonn mar gheall ar FTCE. Cuirtear cumas cumarsáide i gcomhthéacsanna fíorshaoil i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe. Baintear úsáid as tuairisceoirí ar shé leibhéal inniúlachta (A1–C2) in FTCE. Sna leibhéil sin déantar cur síos ar scileanna cumarsáideacha teanga, gníomhaíochtaí agus straitéisí. Clúdaítear leis an gcreat freisin cumas ilteangach agus idirchultúrtha, chomh maith le gnáthchumas ginearálta d'fhoghlaimeoirí teanga ag céimeanna éagsúla. Tríd is tríd, éiríonn le foghlaimeoirí agus úsáideoirí teanga ag leibhéal A1-A2 (úsáideoir bunúsach) cumarsáid a dhéanamh ag bunleibhéal i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach acu orthu agus i réimsí a bhaineann go díreach leo. De réir mar a thugann siad faoi leibhéal B1-B2 (úsáideoir neamhspleách), is féidir le foghlaimeoirí teanga cumarsáid a dhéanamh chun críoch ginearálta agus i réimsí sainspéise, ach is féidir le húsáideoirí teanga ag leibhéal C1-C2 (úsáideoir inniúil) cumarsáid ghinearálta a bhainistiú i gcomhthéacsanna laethúla chomh maith le teanga atá níos cruinne agus níos speisialaithe i gcomhthéacsanna gairmiúla nó acadúla. Is é is aidhm do na tuairisceoirí sin measúnuithe sa seomra ranga agus measúnuithe foirmiúla araon a threorú, rud a éascóidh comhsheasmhacht agus trédhearcacht ar fud na dteangacha.

Leagtar béim in FTCEI ar chur chuige scoláire-lárnaithe i leith foghlaim teangacha, agus breathnaítear ar an bhfoghlaimeoir mar ghníomhaire sóisialta a sheasann chun tosaigh agus a chomhoibríonn ar thascanna fiúntacha atá dírithe ar ghníomhaíocht. Mar ghníomhairí sóisialta, téann foghlaimeoirí i mbun idirghabhála trí bhrí a thógáil agus a chur in iúl, ag cabhrú le daoine eile tuiscint a fháil ar smaointe agus iad a nascadh le chéile. Tá meas ar a stór ilteangach—a tógadh ó thaithí éagsúil teanga—mar uirlisí riachtanacha chun inniúlacht idirchultúrtha a chothú, chun tacú

[1] CoE, 2020, FTCEI, lch.28

le héagsúlacht teanga, agus chun iad a ullmhú le bheith ina saoránaigh ghníomhacha dhomhanda. Chun éiteas scoláire-lárnaithe an FTCE a léiriú, d'fhorbair Comhairle na hEorpa Punann na dTeangacha Eorpacha (ELP) chun cabhrú le foghlaimeoirí a ndul chun cinn a rianú agus a n-inniúlacht teanga a dhoiciméadú ar fud iliomad teangacha, lena n-áirítear a máthairtheanga, a dteangacha scoile, agus teangacha breise, ag cruthú próifíl mhionsonraithe ilteangach. Forbraíodh go leor leaganacha áitiúla ó shin, lena n-áirítear in Éirinn, áit ina bhfuil úsáid na punainne teanga á gcomhtháthú san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú i gcuraclaim na Nuatheangacha Iasachta le déanaí.

## Forbairtí náisiúnta i mbeartas oideachais NTI

I mí na Nollag 2017, foilsíodh Déanann Teangacha Nasc, Straitéis Do Theangacha Iasachta San Oideachas In Éirinn, 2017-2026 d'fhonn é 'a chur ar chumas foghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus feabhas a chur ar a gcuid caighdeán cumais i dteangacha.' (Straitéis Déanann Teangacha Nasc, lch. 2). Leagadh amach ceithre phríomhsprioc sa straitéis: inniúlacht teanga a fheabhsú, cur leis an rannpháirtíocht, cur le heolas an phobail maidir leis an tábhacht a bhaineann le teangacha a fhoghlaim, agus rannpháirtíocht fostóirí a neartú ó thaobh teangacha trádála a úsáid de (ibid, lch. 5). Toradh eile a bhí air sin ba ea gur ghlac an earnáil oideachais agus fostóirí araon FTCE (ibid, lch. 9). Mar chuid den straitéis cur chun feidhme agus chun tacú le tuiscint agus trédhearcacht níos fearr ar inniúlacht teanga ar fud gach leibhéal den chóras oideachais agus oiliúna, tugtar léiriú sa straitéis ar raon na leibhéal gnóthachtála FTCE a bhfuiltear ag súil leo ag deireadh príomhchéimeanna éagsúla foghlama chomh maith leis an sprioc 'gach scrúdú i dteangacha iasachta a chur ar aon dul le [FTCE]'. Féachann an Tuarascáil Athbhreithnithe Eatramhach ar 'Déanann Teangacha Nasc' (RO, 2024) a foilsíodh le déanaí le leanúint den obair sa réimse seo, lena n-áirítear ailíniú leathan aon sonraíochta agus curaclaim nua le FTCE. (Tuarascáil Athbhreithnithe Eatramhach ar 'Déanann Teangacha Nasc', lch. 47)

Mar aon le forbairtí NTI ar leith, aithnítear cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den churaclam sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027. Cuireann sí béim ar ról na teicneolaíochta digití chun tacaíocht a chur ar fáil do theagasc, foghlaim agus measúnú agus chun iad a fheabhsú. I gcomhthéacs oideachas NTI, d'fhéadfadh úsáid iomchuí teicneolaíochtaí digiteacha feabhas a chur ar fhoghlaim agus ar mheasúnú teanga, rochtain ar ábhair bharántúla a sholáthar agus deiseanna a chruthú le haghaidh naisc níos dlúithe le pobail na sprioctheanga.

## Forbairtí le déanaí ar churaclam na Nuatheangacha Iasachta sa tsraith shinsearach

Leis an Straitéis 'Déanann Teangacha Nasc' spreagadh forbairt sonraíochtaí curaclaim nua do Pholainnis, Liotuáinis agus Portaingéilis na hArdteistiméireachta, a forbraíodh trí chur chuige creata agus a tugadh isteach in 2020. Tá na trí shonraíocht curaclaim ailínithe le leibhéal A2/B1 de FTCE, ar an iomlán. Rinneadh athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise in R2 2025. Sna léargais a fuarthas ón athbhreithniú sin, leagadh béim ar na buntáistí a bhaineann le cur chuige creata agus fáiltíodh roimh an ailíniú leathan le FTCE. San aiseolas ón athbhreithniú, leagadh béim freisin ar chumas phunann teanga an scoláire tacú le foghlaim na scoláirí agus cé chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh an curaclam, an teagasc agus an fhoghlaim, agus an measúnú ag teacht lena chéile.
In 2020, tugadh isteach sonraíocht churaclaim *ab initio* do Mhandairínis na hArdteistiméireachta atá bunaithe ar chur chuige creata le haghaidh aidhmeanna agus prionsabail oideachais, agus a chomhfhreagraíonn do leibhéil Réamh-A1-A1 den FTCE.

Tugadh Araibis na hArdteistiméireachta isteach den chéad uair in 1995 mar chuid de chomhaontú idir-rialtasach chun éascaíocht a dhéanamh do mhic léinn Libiacha a thug faoi staidéar a dhéanamh ar an leigheas in ollscoileanna na hÉireann. Bhí sé dírithe ar chainteoirí dúchais Araibise i dtosach, agus ní raibh aon chomhpháirteanna labhartha sa siollabas sin. Cuireadh tús le hathfhorbairt Araibis na hArdteistiméireachta in 2020 ach cuireadh ar sos sealadach í i mí na Bealtaine 2022 chun tuilleadh taighde a dhéanamh ar fhorbairt agus ar mheasúnú curaclaim, a d'eascair as foilsiú Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Tar éis an taighde sin a chríochnú, críochnaíodh athfhorbairt shonraíocht churaclaim Araibis na hArdteistiméireachta in 2024, mar chuid de Thráinse 1 d'athfhorbairtí na sraithe sinsearaí. Tá an tsonraíocht churaclaim athfhorbartha ailínithe le leibhéal A2/B1 FTCE ar an iomlán agus leantar struchtúr, formáid agus cur chuige measúnaithe Liotuáinis, Polainnis agus Portaingéilis na hArdteistiméireachta ann.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tá comhchreat siollabais ag na siollabais maidir le Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis (a tugadh isteach in 1995), Rúisis (2001) agus Seapáinis (2003) na hArdteistiméireachta.
- D'fhoilsigh Comhairle na hEorpa FTCE (2001) chun oideachas teanga a chaighdeánú agus tugadh cothrom le dáta é san Imleabhar a Ghabhann le FTCE (FTCEI), a foilsíodh in 2020.
- Tá sé mar aidhm ag an Straitéis 'Déanann Teangacha Nasc' 2017-2026, a foilsíodh in 2017, inniúlacht teanga a fheabhsú agus curaclaim nua-aimseartha teanga a ailíniú le FTCE.
- Tugadh curaclaim nua NTI na hArdteistiméireachta isteach in 2020, lena n-áirítear an Pholainnis, an Liotuáinis agus an Phortaingéilis (ailínithe le FTCE A2–B1 ar an iomlán) agus an Mhandairínis (ailínithe le Réamh-A1–A1 ar an iomlán). Rinneadh athbhreithniú ar léargais luatha ar an Liotuáinis, ar an bPolainnis agus ar an bPortaingéilis in 2025 agus fáiltíodh roimh an úsáid a baineadh as cur chuige creata agus an tsoiléireacht a cuireadh ar fáil trí ailíniú leathan le FTCE.
- Tabharfar isteach curaclam athfhorbartha Araibis na hArdteistiméireachta (FTCE A2-B1) i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2025.

# Cuid 2: NTI sa churaclam

Sa chuid seo tugtar forléargas ar na deiseanna foghlama a bhaineann le NTI agus atá ar fáil do scoláirí faoi láthair i gcláir na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon. Dírítear ansin ar na rátaí rannpháirtíochta in NTI, ina leagtar amach glacadh NTI agus fiosraítear na tuarascálacha is déanaí ón bPríomh-Scrúdaitheoir agus na tuarascálacha cigireachta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus ón Roinn Oideachais agus Óige faoi seach.

## Nuatheangacha Iasachta sa tsraith shóisearach

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), tugadh isteach sonraíocht churaclaim nua do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí (NTI na Sraithe Sóisearaí) i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2017. Forbraíodh an tsonraíocht *ab initio*, a dearadh le haghaidh 200 uair an chloig ar a laghad, ag baint úsáid as cur chuige coiteann ar fud cheithre theanga na sraithe sóisearaí, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Spáinnis agus an Iodáilis.
Mar fhreagairt ar na dúshláin a sainaithníodh san Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath (CNCM, 2023), rinneadh athbhreithniú ar shonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Foilsíodh an tsonraíocht athbhreithnithe in 2025 agus tabharfar isteach do scoláirí sa chéad bhliain i Meán Fómhair 2026 í. Tá sonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí bunaithe ar thrí shnáithe idirnasctha atá dírithe ar inniúlacht chumarsáideach a fhorbairt, feasacht teanga a fheabhsú agus eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha a chothú.
Chomh maith le sonraíocht Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, féadfaidh scoileanna gearrchúrsaí 100 uair an chloig a thairiscint mar chuid dá gclár sraithe sóisearaí. D'fhorbair CNCM gearrchúrsa do Theanga agus Cultúr na Síne, agus d'fhorbair Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) gearrchúrsaí don tSeapáinis, don Liotuáinis, don Pholainnis, don Phortaingéilis, don Rómáinis agus don Rúisis. Is féidir le scoileanna a ngearrchúrsaí 100 uair an chloig féin a fhorbairt de réir threoirlínte CNCM.

## NTI sa tsraith shinsearach

Le linn Chlár roghnach na hIdirbhliana, tá neamhspleáchas ag scoileanna chun an rogha a thabhairt do scoláirí staidéar a dhéanamh ar nuatheanga iasachta ach níl aon churaclam socraithe ann. Déanann scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí staidéar ar dhá mhodúl teanga ach is féidir leo modúil roghnacha a dhéanamh i dteangacha eile freisin[2]. I ndiaidh don Aire fógra a dhéanamh maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí in 2022, bhí scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí ábalta staidéar a dhéanamh ar nuatheanga iasachta a chuirtear ar fáil mar chuid de Chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe freisin, ach sa bhreis ar dhá mhodúl teanga chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí a bheidh sé sin.

Cuireann an Ardteistiméireacht Bhunaithe réimse leathan Nuatheangacha Iasachta ar fáil, atá deartha le haghaidh 180 uair an chloig ar a laghad de rannpháirtíocht na scoláirí. Is gnách go múintear an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis i scoileanna príomhshrutha ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach, ag tosú ag leibhéal *ab initio* sa tsraith shóisearach agus ag dul ar aghaidh go dtí an leibhéal idirmheánach sa tsraith shinsearach. Tá an Araibis, an tSeapáinis, an Liotuáinis, an Pholainnis, an Phortaingéilis agus an Rúisis ar fáil ag leibhéal idirmheánach sa tsraith shinsearach agus tá an Mhandairínis ar fáil *ab initio* sa tsraith shinsearach. Chun tacú le scoláirí nach bhfuil in ann teacht ar theangacha áirithe mar ábhar Ardteistiméireachta

[2] Is féidir le scoláirí bodhra gach ceann de na ceithre mhodúl teanga chomharthaíochta a thógáil in ionad na nuatheangacha agus na Gaeilge.

ina scoil, cuirtear ranganna Sathairn agus ranganna ar líne ar fáil ag Déanann Teangacha Nasc. Tá na ranganna sin á maoiniú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus tá siad saor in aisce do scoláirí.[3]

## Teangacha neamhchuraclaim

Chomh maith le Nuatheangacha Iasachta an churaclaim, is féidir le scoláirí ó thíortha an Aontais Eorpaigh scrúdú stáit i dteangacha 'neamhchuraclaim' a dhéanamh [4]. Cé nach bhfuil na teangacha sin mar chuid de churaclam foilsithe na scoile, is féidir le scoláirí a roghnú go scrúdófaí iad in ábhar teanga neamhchuraclaim amháin má chomhlíonann siad critéir áirithe. Tá an tsamhail do na scrúdpháipéir teanga neamhchuraclaim bunaithe ar an bpáipéar scríofa deiridh sa Chéad Teanga Iasachta de Baccalaureate na hEorpa (BE) atá ailínithe le leibhéal B2 de FTCE. Ní mór a thabhairt faoi deara nach ndéanann na scrúduithe sin ach measúnú ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta agus nach ndéanann siad measúnú ar inniúlacht teanga labhartha.

## Struchtúr agus ábhar an tsiollabais

Leanann siollabais NTI a tugadh isteach idir 1995 agus 2003 creat siollabais comónta[5] agus tá an struchtúr agus eagrúchán céanna acu, lena gcuimsítear cuspóirí iompraíochta maidir le hinniúlacht chumarsáideach, feasacht teanga agus feasacht chultúrtha. Déantar cuspóirí iompraíochta a rangú de réir na ngníomhaíochtaí/na dtéamaí ginearálta níos leithne agus áirítear spriocanna feidhmíochta iontu. I measc na gcuspóirí iompraíochta do chomhpháirt na hinniúlachta cumarsáide[6] tá scileanna teanga sonracha agus samplaí de stór focal agus gramadach sa sprioctheanga, lena n-áirítear tagairt do nathanna sonracha agus aimsirí na mbriathra. Tá roinnt difríochtaí beaga i gcuspóirí, spriocanna feidhmíochta agus téamaí idir na siollabais don Fhraincis, don Ghearmáinis, don Iodáilis agus don Spáinnis, agus iad siúd don Rúisis (2001) agus don tSeapáinis (2003). I bhformhór na gcásanna, éagsúlachtaí eagrúcháin iad na héagsúlachtaí sin agus déantar roinnt spriocanna feidhmíochta a atheagrú ina gcuspóirí nó ina dtéamaí difriúla. Baineadh líon beag spriocanna feidhmíochta nó cuireadh isteach iad le déanaí sna siollabais is déanaí. In ainneoin na comhsheasmhachta sin ar fud na gcuspóirí iompraíochta, tá éagsúlachtaí suntasacha ann sna scileanna teanga agus i struchtúir agus stór focal na sprioctheanga a shonraítear ar fud na dteangacha. Tá difríochtaí ann freisin i gcomhpháirt na feasachta cultúrtha: in ainneoin spriocanna feidhmíochta coiteanna a bhaineann le téacsanna liteartha, ní leagtar síos téacsanna liteartha roghnacha ach amháin d'Iodáilis agus Spáinnis na hArdteistiméireachta. Níl na siollabais sin ailínithe le leibhéil inniúlachta FTCE, ach *"de ghnáth feidhmíonn iarrthóirí Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil sa réimse A2 – B1, agus baineann mionlach díobh gnéithe de B2 amach."* (Straitéis 'Déanann Teangacha Nasc', lch. 20).

Tá struchtúr coiteann ag na sonraíochtaí curaclaim do Liotuáinis, Polainnis, Portaingéilis agus Mandairínis na hArdteistiméireachta (a tugadh isteach in 2020), agus tá torthaí foghlama eagraithe in dhá shnáithe idirghaolmhara: Inniúlacht Teanga Chumarsáideach (roinnte sna réimsí gabhchumas, léiriú, idirghníomhú agus idirghabháil) agus Inniúlacht Ilteangach agus Ilchultúrtha (rangaithe de réir na ngnéithe ilteangacha agus ilchultúrtha).

---

[3] https://languagesconnect.ie/language-classes/

[4] In 2025, ba iad teangacha neamhchuraclaim an Aontais Eorpaigh a scrúdaíodh: an Bhulgáiris, an tSeicis, an Chróitis, an Danmhairgis, an Ollainnis, an Ungáiris, an Laitvis, an Nua-Ghréigis, an Rómáinis, an tSlóvaicis, an tSualainnis agus an Úcráinis

[5] https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/french/

[6] I measc na samplaí de chuspóirí iompraíochta tá "earraí agus seirbhísí a cheannach, páirt a ghlacadh i ndíospóireacht, beart a éascú, a mholadh nó a thoirmeasc".

## Nuatheangacha Iasachta i bhfócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta i Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta, bunaithe ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus tugtar forléargas ar an measúnú don teistiúchán agus léargas ó thuarascálacha CSS agus na Roinne Oideachais agus Óige (ROÓ).

### Rannpháirtíocht an scoláire

I dTábla 1, déantar comparáid idir rannpháirtíocht na scoláirí i scrúdú NTI curaclaim na hArdteistiméireachta ag an Ardleibhéal (AL) agus ag an nGnáthleibhéal (GL) in 2019 agus 2025. In 2019, rinne 56,071 scoláire san iomlán scrúdú na hArdteistiméireachta agus rinne 60,937 scoláire an scrúdú in 2025 (CSS, 2025). Cé go bhfuil ardú tagtha ar rannpháirtíocht i roinnt teangacha, go háirithe sa Spáinnis agus sa Rúisis, tá laghdú tagtha ar an rannpháirtíocht fhoriomlán, agus tháinig an laghdú ba mhó ar líon na scrúduithe Fraincise agus Gearmáinise a dhéantar.

Tábla 1: An líon scoláirí a thug faoi NTI na hArdteistiméireachta in 2019 agus 2025

| Teanga | An líon scoláirí in 2019 | | | | An líon scoláirí in 2025 | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | AL | GL | Iomlán | % den iomlán | AL | GL | Iomlán | % den iomlán |
| Fraincis | 15654 | 7707 | 23361 | **41.7%** | 14124 | 4016 | 18140 | **29.7%** |
| Gearmáinis | 6247 | 2297 | 8544 | **15.2%** | 5575 | 1287 | 6862 | **11.2%** |
| Spáinnis | 5646 | 2065 | 7711 | **13.8%** | 9348 | 2315 | 11663 | **19.1%** |
| Iodáilis | 361 | 112 | 473 | **0.84%** | 506 | 63 | 569 | **0.9%** |
| Liotuáinis*[7] | 177 | N/B | 177 | **0.32%** | 314 | 19 | 333 | **0.54%** |
| Polainnis* | 780 | N/B | 780 | **1.39%** | 1336 | 49 | 1385 | **2.3%** |
| Portaingéilis* | 116 | N/B | 116 | **0.21%** | 281 | 0 | 281 | **0.46%** |
| Mandairínis | N/B | N/B | N/B | **N/B** | 429 | 0 | 429 | **0.7%** |
| Araibis | 168 | 24 | 190 | **0.33%** | 303 | 35 | 338 | **0.55%** |
| Rúisis | 458 | 12 | 470 | **0.84%** | 1035 | 27 | 1062 | **1.74%** |
| Seapáinis | 208 | 66 | 274 | **0.49%** | 224 | 39 | 263 | **0.43%** |
| **Gach NTI** | **29813** | **12283** | **42096** | **75%** | **33475** | **7850** | **41325** | **67.8%** |

### Measúnú don teistiúchán

Sa mheasúnú don teistiúchán i bhFraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Rúisis agus Spáinnis na hArdteistiméireachta, déantar measúnú ar na ceithre scil a bhaineann le léitheoireacht, scríbhneoireacht, éisteacht agus labhairt. Tá an measúnú le haghaidh gach NTI ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal, agus déantar idirdhealú eatarthu trí chastacht tascanna agus trí ualú scileanna teanga, mar a léirítear i dTábla 2 thíos.

[7] Tagraíonn staitisticí 2019 na Liotuáinise, na Polainnise agus na Portaingéilise do na teangacha sin nuair a scrúdaíodh mar theangacha neamhchuraclaim iad, sular tugadh isteach na sonraíochtaí curaclaim do Liotuáinis, do Pholainnis agus do Phortaingéilis na hArdteistiméireachta in 2020.

Tábla 2: Ualú na gcomhpháirteanna measúnaithe NTI

| Comhpháirt Mheasúnaithe | Siollabais 1995 – 2004 | | Sonraíochtaí 2020 – 2025 | |
|---|---|---|---|---|
| | ARDLEIBHÉAL | GNÁTHLEIBHÉAL | ARDLEIBHÉAL | GNÁTHLEIBHÉAL |
| Béaltriail | 25% | 20% | 30% | 25% |
| Cluastuiscint | 20% | 25% | 25% | 30% |
| Léamhthuiscint | 30% | 40% | 25% | 30% |
| Cur in iúl scríofa | 25% | 15% | 20% | 15% |

Tá roinnt gnéithe coiteanna ag formáid agus inneachar na gcomhpháirteanna measúnaithe, chomh maith le difríochtaí aonair ar fud na dteangacha, a bhfuil cur síos níos mionsonraithe orthu thíos.

### Béaltriail

Déantar an bhéaltriail do gach NTI faoi láthair le linn thréimhse saoire na Cásca sa 6ú bliain, agus bíonn 15 nóiméad ag gach scoláire. I dTábla 4, tugtar forléargas ar struchtúr agus ar inneachar na béaltrialach le haghaidh gach nuatheanga iasachta curaclaim. Bíonn comhrá ginearálta mar chuid de gach scrúdú, agus gnéithe roghnacha breise i roinnt teangacha, mar shampla tionscadail phearsanta. Cé is moite den tSeapáinis agus den Rúisis, bíonn rogha i mbéaltriail gach NTI téacs liteartha a phlé.

Tábla 4: Forbhreathnú ar bhéaltriail NTI na hArdteistiméireachta

| |
|---|
| Fraincis (1995): Cuid amháin, agus an dara cuid atá roghnach:<br>(a) comhrá ginearálta bunaithe ar inneachar an tsiollabais<br>(b) tionscadal roghnach a bhaineann le hinneachar an tsiollabais.[8] |
| Gearmáinis (1995) 3 chuid:<br>(a) comhrá ginearálta, bunaithe ar inneachar an tsiollabais<br>(b) rogha amháin acu seo:<br>I. Tionscadal [9] a bhaineann le hinneachar an tsiollabais<br>II. Sraith pictiúr: insint scéil agus plé gairid ar na fadhbanna a thagann chun cinn<br>(c) cás rólimeartha. |
| Iodáilis (1995) 3 chuid:<br>(a) comhrá ginearálta, bunaithe ar inneachar an tsiollabais<br>(b) cás rólimeartha<br>(c) sraith pictiúr |
| Spáinnis (1995) 2 chuid:<br>(a) comhrá ginearálta bunaithe ar inneachar an tsiollabais; cás rólimeartha (roghnaítear ceann amháin go randamach as 5 rogha, eisithe roimh ré ag CSS). |
| Rúisis (2001) 3 chuid:<br>(a) Comhrá ginearálta faoi réimse topaicí siollabais.<br>(b) Comhrá faoi thopaic roghnaithe maidir le feasacht chultúrtha. |

[8] Bíonn an rogha ag scoláirí freisin ceisteanna a fhreagairt faoi alt ó pháipéar nuachtáin nó ó iris, pictiúr, tionscadal, nó saothar liteartha. Beidh ar na hiarrthóirí a thugann faoin rogha sin an t-ábhar a thabhairt isteach sa seomra scrúdaithe leo. Ní ghlacfar le téacsanna i dteangacha seachas an Fhraincis. (https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=sc&sc=ox, 2025)

[9] Beidh ar na hiarrthóirí a roghnaíonn tionscadal a dhéanamh, fianaise chuí go ndearna siad an tionscadal a thaispeáint don scrúdaitheoir cainte (póstaer/cairt bhalla, pictiúr, leabhar gearrthóg, fístéip, closchaiséad…). Tabharfaidh siad isteach leo sa scrúdú é freisin agus tabharfaidh siad don scrúdaitheoir é ach is féidir codanna de a lua nó tagairt a dhéanamh dóibh le linn an scrúdaithe. (https://www.examinations.ie/?l=ir&mc=sc&sc=ox, 2025)

(c) Tionscadal nó sraith pictiúr roghnach:
   I. Tionscadal: labhraíonn an scoláire ar feadh 2 nóiméad, cuirtear 2-3 cheist, agus ina dhiaidh sin bíonn plé níos leithne ann faoin tionscadal.

Sraith pictiúr: labhraíonn an scoláire ar feadh 2 nóiméad, cuirtear 2-3 cheist, agus ina dhiaidh sin bíonn plé níos leithne ann

Seapáinis (2003) 3 chuid:
(a) Comhrá ginearálta. Cuirtear ceisteanna ar na scoláirí faoi réimse topaicí siollabais.
(b) Cur i láthair agus plé ar thopaic a leagadh síos
(c) Cur síos agus plé ar thopaic a bhaineann le pictiúr

Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis, Mandairínis, (2020), Araibis (2025), 2 chuid:
(a) Comhrá ginearálta
(b) Plé ar rogha téacsanna óna bpunann teanga

**Scrúdú scríofa**

Maireann scrúdú scríofa gach NTI 2.5 uair an chloig agus bíonn sé ar siúl i mí an Mheithimh. Déantar measúnú ar an léamhthuiscint agus ar an léiriú scríofa araon. Ar an lá céanna leis an scrúdú scríofa, déanann na scoláirí cluastuiscint 40 nóiméad, ar a dtugtar an scrúdú cluastuisceana freisin. Tá an t-ábhar spreagtha mar an gcéanna don scrúdú cluastuisceana Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil, agus baintear idirdhealú amach trí chastacht tascanna agus ualú marcanna. Tá an fhormáid cosúil lena chéile i ngach NTI agus bíonn idir 4–7 roinn ann le réimse teacsana labharth alena n-áirítear mar shampla fógraí, comhráite, sleachta tuairisciúla, míreanna nuachta, agus réamhaisnéisí aimsire. De ghnáth cuirtear ceisteanna i dteanga na scolaíochta, seachas scrúdaithe na Gearmáinise, Liotuánacha, Polainnise agus Portaingéilis eina bhfuil roinnt ceisteanna sa sprioctheanga agus freisin sa teanga scolaíochta.

Sa scrúdú scríofa Ardleibhéil, déantar [10] tástáil ar léamhthuiscint agus ar léiriú scríofa le feasacht teanga agus feasacht chultúrtha, a thástáiltear go hindíreach i bhformhór na dteangacha, seachas sa scrúdú Seapáinise, Rúisise agus Gearmáinise, ina bhfuil cuid shonrach ann a bhaineann leis an bhfeasacht teanga nó leis an ngramadach fheidhmeach. Tá cineálacha, seánraí agus téamaí na dtéacsanna cosúil lena chéile ar fud na dteangacha agus go ginearálta bíonn 2–3 théacs iriseoireachta, liteartha nó insinte i gceist leo, seachas sa tSeapáinis, ina bhfuil téacsanna níos giorra, mar shampla, ábhar suímh gréasáin, próifílí pearsanta agus iontrálacha dialainne. Tugtar rogha sa Spáinnis agus san Iodáilis freagra a thabhairt ar shliocht ó úrscéal a leagadh síos. Bíonn tascanna léiriúcháin scríofa éagsúil ó theanga go teanga. Bíonn roinnt tascanna scríbhneoireachta feidhmiúla i ngach teanga, ina measc sin: iontrálacha dialainne, ríomhphoist, litreacha, óráidí, insintí, idirphlé agus/nó plé gearr.
I ngach teanga lasmuigh den Seapáinis, críochnaíonn daltaí alt tuairime amháin ar a laghad ar shaincheisteanna sóisialta comhaimseartha agus/nó ar théamaí feasachta cultúrtha. Cé go n-athraíonn na téamaí ó bhliain go bliainDe ghnáth bíonn an fhormáid chéanna i gceist i gcás gach teanga gach bliai cé go n-athraíonn na téamaí ó bhliain go bliain

Bíonn léamhthuiscintí ar 2-5 théacs in aghaidh na teanga, 100–250 focal de ghnáth (nó carachtair sa tSeapáinis), lena gclúdaítear ábhar faisnéiseach, insinte agus/nó cultúrtha, i gceist sa scrúdú scríofa Gnáthleibhéil. Bíonn tascanna léirithe scríofa éagsúla i gceist. Is féidir go n-iarrfar ar scoláirí litreacha, ríomhphoist, foirmeacha a chomhlánú, iontrálacha dialainne, nótaí nó teachtaireachtaí a scríobh, agus/nó scéalta simplí a chumadh a bhfuil idir 40 agus 100 focal iontu, nó 30 – 50

[10] Tá samplaí de chineál na dtéacsanna léiritheach agus tagraíonn siad do scrúdpháipéir Ardteistiméireacht 2025.

carachtar i gcás na Seapáinise. Iartar in amanna ar scoláirí scileanna scríbhneoireachta laethúla a léiriú agus ina measc sin bíonn mar shampla gníomhaíochtaí líonta bearnaí, abairtí gearra a scríobh, agus/nó téacsanna a athordú.

## Léargas ó thuarascálacha an Phríomh-Scrúdaitheora

Sna Tuarascálacha is déanaí ón bPríomh-Scrúdaitheoir (CSS, 2016) do Fhraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Seapáinis, Rúisis agus Spáinnis na hArdteistiméireachta, leagtar béim ar phríomhthreochtaí i bhfeidhmíocht na scoláirí agus sa rannpháirtíocht le comhpháirteanna roghnacha. Fuarthas amach gurbh í an bhéaltriail an chomhpháirt leis na leibhéil ab airde feidhmíochta scoláire i ngach ceann de na sé theanga, agus léirithe an-láidir ag scoláirí a rinne an scrúdú Rúisise, rud a léiríonn líofacht beagnach dúchasach. Mar sin féin, ba iad na dúshláin ba choitianta a tuairiscíodh: róspleáchas ar fhreagraí a foghlaimíodh de ghlanmheabhair agus deacracht le hidirghníomhaíocht spontáineach, go háirithe maidir leis na rólimirtí agus na sraith pictiúr. Cé gur luadh cumas láidir cumarsáideach mar phríomhthoisc na hardfheidhmíochta sa bhéaltriail, cuireadh i bhfad níos mó béime ar chruinneas agus beachtas teanga san aiseolas ar an scrúdú scríofa. Ba í an chomhpháirt scríofa an deacracht ba mhó do scoláirí, agus tuairiscíodh cruinneas gramadaí, comhleanúnachas, agus léirmhíniú tascanna mar dhúshláin choiteanna. Sa chluastuiscint, bhí deacrachtaí ag scoláirí le bearnaí sa stór focal agus bhí deacracht acu le sonraí agus comhthéacs. Bhí an t-aiseolas ar fheasacht chultúrtha nasctha den chuid is mó le tionscadail roghnacha ó bhéal, ina raibh an fheidhmíocht is láidre i measc scoláirí a bhí ag plé le téacsanna barántúla nó a raibh taithí acu ar chultúr na sprioctheanga.

Bhí éagsúlachtaí sa rannpháirtíocht le comhpháirteanna roghnacha. Thuairiscigh príomhscrúdaitheoirí go raibh rannpháirtíocht mhaith le tionscadail roghnacha ó bhéil sa Fhraincis, sa Ghearmáinis agus go háirithe sa Rúisis, inar ullmhaigh 31% de scoláirí tionscadal roghnach. Bhí rannpháirtíocht le roghanna liteartha sa bhéaltriail an-annamh. Sa scrúdú scríofa, phléigh níos mó ná 50% de scoláirí na hIodáilise leis an tasc léamhthuisceana faoin úrscéal a leagadh síos, ar féidir é a fhreagairt in Iodáilis nó i mBéarla. Sa Spáinnis, níor roghnaigh ach 3% de na scoláirí an triail tuisceana liteartha agus an aiste lena mbaineann a chaithfear a scríobh sa Spáinnis. Leagtar béim i bpríomh-mholtaí na bpríomhscrúdaitheoirí ar fud na dteangacha go léir ar an ngá atá le tacú le cumarsáid bharántúil spontáineach, le rannpháirtíocht chultúrtha níos doimhne agus le forbairt chomhsheasmhach ghramadaí agus stór focal.

## Léargas ó thuarascálacha cigireachta

Chun críoch an pháipéir seo, scrúdaíodh tuarascálacha cigireachta a rinneadh le déanaí le haghaidh na Fraincise, na Gearmáinise agus na Spáinnise[11] chun roinnt príomh-shaincheisteanna coiteanna a shainaithint chun iad a chur san áireamh agus athfhorbairt á déanamh ar NTI AT. Sna tuarascálacha, luadh go rialta go raibh na heispéiris foghlama i bhfad níos éifeachtaí nuair a bhí an sprioctheanga in úsáid mar phríomh-mhodh cumarsáide le linn gníomhaíochtaí ranga. Sa chás gur tugadh faoi deara go bhféadfaí feabhas a chur ar chúrsaí, is minic a tarraingíodh aird san aiseolas ar an ngá atá le cur leis an úsáid a bhaineann scoláirí as an sprioctheanga agus le tuilleadh deiseanna le haghaidh idirghníomhaíochta ó bhéal sa sprioctheanga. Bhí rannpháirtíocht na scoláirí ag an leibhéal ab airde nuair a úsáideadh ábhair bharántúla agus modhanna teagaisc scoláire-lárnaithe, lena n-áirítear teagasc gramadaí bunaithe ar fhiosrú, lena gcothaítear an fhiosracht agus an fheasacht teanga. Moladh freisin naisc le tíortha agus pobail sprioctheangacha a neartú chun feasacht idirchultúrtha a fheabhsú.

[11] Sa bhliain acadúil 2024-25, foilsíodh 54 thuarascáil cigireachta ábhair ar an bhFraincis, ar an nGearmáinis agus ar an Spáinnis.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tá Nuatheangacha Iasachta roghnach sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach; múintear teangacha coitianta go forleathan, agus tairgtear teangacha nach bhfuil chomh coitianta sin lasmuigh de scoileanna príomhshrutha den chuid is mó. Thit rannpháirtíocht sna scrúduithe ó 75% (2019) go 67.8% (2025), agus tháinig an laghdú ba mhó ar an bhFraincis agus ar an nGearmáinis. Níor tháinig athrú ar an rannpháirtíocht sna teangacha nach múintear chomh minic céanna agus tháinig ardú ar an rannpháirtíocht sa Spáinnis.
- Dírítear i siollabais Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta (1995–2004) ar inniúlacht chumarsáideach, ar fheasacht teanga agus chultúrtha, agus sna sonraíochtaí níos nuaí (2019–2025) atá ailínithe le FTCE, cuirtear béim ar Inniúlacht Chumarsáideach agus Ilteangach/Ilchúltúrtha.
- I dTuarascálacha 2016 an Phríomh-Scrúdaitheora, leagtar béim ar fheidhmíocht láidir ó bhéal ar fud NTInna, go háirithe sa Rúisis, ach tugtar faoi deara na dúshláin a bhaineann leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair agus leis an gcumarsáid spontáineach, leis an gcruinneas scríbhneoireachta agus leis an stór focal. Bhí an fheasacht chultúrtha níos láidre sna tionscadail roghnacha ó bhéal, ach bhí glacadh na roghanna liteartha íseal.
- Moltar i dtuarascálacha an Phríomh-Scrúdaitheora cumarsáid níos barántúla, feasacht chomhsheasmhach teanga agus rannpháirtíocht chultúrtha níos doimhne, agus moltar i dtuarascálacha cigireachta le déanaí níos mó úsáid a bhaint as an sprioctheanga, comhoibriú múinteoirí, modheolaíochtaí scoláire-lárnaithe agus ábhair bharántúla chun cur leis an rannpháirtíocht.

# Cuid 3: Léargas ó chuairteanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scileanna mar chuid den obair scópála don cháipéis eolais seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó na 79 scoil[12] a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sna forbairtí ar churaclaim NTI. Roghnaíodh ocht scoil trí úsáid a bhaint as na critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, an cineál scoile, agus an nuatheanga iasachta atá á tairiscint ann. Ós rud é go raibh ar scoil amháin tarraingt siar ar ghearrfhógra, tugadh cuairt ar sheacht scoil i mí na Bealtaine 2025. Bhí cruinnithe fócasghrúpa le 144 scoláire sa tsraith shinsearach, 38 múinteoir Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus/nó Spáinnise, agus 18 gceannaire scoile i gceist leis na cuairteanna. Múintear an Fhraincis in 7 scoil, múintear an Ghearmáinis agus an Spáinnis in 6 scoil, agus múintear an Iodáilis in 2 cheann de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu. Léiríodh san anailís ar na sonraí a cuireadh ar fáil trí théama uileghabhálacha: rannpháirtíocht na scoláirí, soláthar ghlacadh MFL sa tsraith shinsearach agus modhanna measúnaithe. Cuirtear béim leis na téamaí sin ar chuid de na príomh-shaincheisteanna atá le cur san áireamh agus athfhorbairt á déanamh ar NTI na sraithe sinsearaí agus déantar cur síos níos mionsonraithe orthu thíos.

## Rannpháirtíocht na scoláirí

Mheas na rannpháirtithe go forleathan gur ábhair úsáideacha, tharraingteacha agus thaitneamhacha iad na Nuatheangacha Iasachta. Rinne na scoláirí cur síos ar fhoghlaim teangacha mar scil ríthábhachtach saoil chun taisteal, tuiscint chultúrtha agus naisc bhríocha le daoine ó thíortha eile a chumasú. Bhí meas ar leith acu ar chur i bhfeidhm san fhíorshaol, go háirithe trí ábhar cultúrtha, mar shampla, scannáin, ceol agus cultúr pobail. Measadh go raibh gnéithe cultúrtha, mar shampla, nósanna, féilte, imeachtaí stairiúla, agus deiseanna chun comparáid chultúrtha a dhéanamh faoi ghannionadaíocht agus d'iarr na rannpháirtithe go mbeidís leabaithe ar bhealach níos soiléire sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Bhí comhaontú ginearálta ann go raibh téacsanna liteartha lánfhada ródheacair, agus mhol na rannpháirtithe sleachta liteartha níos giorra agus raon níos leithne de chineálacha téacs a chur ina n-ionad, lena n-áirítear scannáin, cláir theilifíse, amhráin, filíocht, ailt nuachta, agus na meáin shóisialta chun léiriú níos fearr a thabhairt ar úsáid laethúil na teanga agus ar spéiseanna na scoláirí. Tháinig an tsolúbthacht agus rogha na scoláirí aníos arís is arís eile, agus staidéar ar théacsanna á phlé, agus bhíothas i bhfabhar liostaí téacs a bheith molta seachas leagtha síos, chun cothromas agus solúbthacht a chinntiú. Tugadh faoi deara freisin gur bealach é úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun cur leis an spreagadh agus leis an rannpháirtíocht, i bhfianaise eolas na scoláirí ar na meáin dhigiteacha agus an tábhacht a bhaineann le litearthacht dhigiteach a fhorbairt.

Luadh go rialta gurb é labhairt na sprioctheanga an ghné is taitneamhaí agus is luachmhaire den ábhar. Thuairiscigh go leor scoláirí a thaistil go tíortha ina labhraítear an teanga go raibh níos mó muiníne agus spreagtha acu mar thoradh ar an taithí sin. Dúirt na rannpháirtithe gur leagadh an iomarca béime sa churaclam ar ullmhú do scrúduithe, rud a chúngaigh an fhoghlaim agus a laghdaigh an taitneamh. Mhol scoláirí agus múinteoirí araon go láidir go ndíreofaí níos mó ar an gcumarsáid ó bhéal agus go méadófaí ualú na béaltrialach ar bhealach suntasach chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le hinniúlacht teanga labhartha agus chun ailíniú le comhpháirteanna measúnaithe sa bhreis (CMBanna) in ábhair eile. Moladh go bhféadfadh sé sin feabhas a chur ar ghlacadh scoláirí, ar rannpháirtíocht agus ar thaitneamh a bhaint as foghlaim NTI. Cuireadh fáilte mhór roimh fhéidearthacht de chur chuige punann-bhunaithe chun tacú le

[12] Is iad seo a leanas na Léirithe Spéise in aghaidh na teanga: 27 Fraincis, 25 Gearmáinis, 2 Iodáilis, 25 Spáinnis.

rannpháirtíocht idirchultúrtha, go háirithe má thacaíonn an cur chuige sin le forbairt téacsanna ó bhéal agus má dhéantar é a chomhtháthú sa teagasc sa seomra ranga. Mar sin féin, cuireadh ábhair imní in iúl maidir le srianta ama agus an easpa tábhachta a leagadh ar phunanna sa tsraith shóisearach.

## Soláthar agus glacadh NTI sa tsraith shinsearach

Tá traidisiún láidir ag baint le NTI a thairiscint sna scoileanna ar tugadh cuairt orthu. I measc na réasúnaíochta chun na hábhair sin a thairiscint bhí an fonn chun curaclam leathan a thairiscint agus chun a chinntiú gur féidir le scoláirí na riachtanais iontrála d'Institiúidí/cúrsaí Ardoideachais ar leith a chomhlíonadh. Thuairiscigh ceannairí scoile i ngach scoil go moltar go láidir do scoláirí staidéar a dhéanamh ar NTI sa tsraith shinsearach ionas go mbeadh rogha níos leithne de chúrsaí 3ú leibhéal acu. Tá beartas áitiúil i bhfeidhm i roinnt scoileanna go gcaithfear staidéar a dhéanamh ar NTI. Thairg scoileanna idir dhá agus ceithre NTI agus thairg formhór acu trí cinn. Múineadh an Fhraincis i ngach scoil ar tugadh cuairt uirthi. Thug roinnt scoileanna cúrsaí *ab initio* isteach freisin sa Mhandairínis agus san Iodáilis le linn na hIdirbhliana. Mar sin féin, níor thairg aon cheann de na scoileanna aon cheann de na NTInna curaclaim eile.

Ba ghnách le scoláirí NTI a roghnú sa chéad bhliain agus leanúint ar aghaidh leis an teanga chéanna go dtí an séú bliain. Cé go raibh an rogha ann staidéar a dhéanamh ar níos mó ná NTI amháin i roinnt scoileanna, tuairiscíodh go raibh an glacadh an-íseal. Ba léiriú iad na cúinsí ag a mbíonn tionchar ar roghanna teanga agus ar an rogha, ar na comhthéacsanna áitiúla, traidisiúin scoile agus spéiseanna aonair na scoláirí go minic. Thuairiscigh go leor scoláirí gur roghnaigh siad NTI faoi leith bunaithe ar thaithí roimh ré ar an teanga áirithe sin sa bhaile nó sa bhunscoil, ar chaidrimh theaghlaigh leis an bpobal teanga nó trí eispéiris taistil roimhe sin nó a bhí beartaithe. In ainneoin na tacaíochta láidre chun raon leathan NTInna a thairiscint chun rogha na scoláirí a éascú, thuairiscigh ceannairí scoile dúshláin shuntasacha mar gheall ar éagsúlachtaí i nglacadh na scoláirí i dteangacha éagsúla agus laghdú ginearálta ar ghlacadh na scoláirí sa tsraith shinsearach le blianta beaga anuas. É sin ráite, chuir siad in iúl go dtacaíonn siad go láidir le NTI agus dúirt siad go mbíonn tionchar dearfach ar an nglacadh ag tograí, lena n-áirítear maoiniú do chúntóirí teanga, malartuithe scoile agus imeachtaí a bhfuil téama leo chun foghlaim teanga a cheiliúradh.

## Measúnú

Iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a roinnt maidir leis an méid atá ag obair go maith sna socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair agus maidir leis an méid a d'fhéadfaí a fheabhsú i gcuraclaim athfhorbartha NTI AT. Lorgaíodh aiseolas freisin maidir le struchtúr agus formáid fhéideartha na gcomhpháirteanna measúnaithe sa bhreis (CMBanna). Mar a thuairiscítear thuas, tá éagsúlacht sna socruithe measúnaithe reatha le haghaidh NTI AT, in ainneoin ualú, fhormáid agus struchtúr leathan coiteann na gcomhpháirteanna measúnaithe ar fud na dteangacha. Ba léir na héagsúlachtaí sin ó aiseolas na rannpháirtithe maidir lena dtaithí ar mheasúnú NTI agus a thionchar ar an eispéireas foghlama ar an iomlán.

Chuir na rannpháirtithe go léir in iúl go dtacaíonn siad go láidir leis na comhpháirteanna measúnaithe ó bhéal, cluastuisceana agus scríofa a choinneáil, agus luadh na gnéithe go léir atá riachtanach chun inniúlacht fhoriomlán teanga a fhorbairt. Iarradh go láidir i measc na rannpháirtithe go mbeadh measúnú agus tuairisciú níos comhsheasmhaí ann ar fud na dteangacha chun cothromas agus trédhearcacht a chinntiú. Bhí cur amach ag formhór na múinteoirí agus ag líon suntasach scoláirí ar leibhéil FTCE, agus bhí taithí ag roinnt scoláirí ar mheasúnuithe

idirnáisiúnta, mar shampla, scrúduithe *Diplôme d'Etudes en Langue Française* (DELF) don Fhraincis nó scrúduithe Goethe don Ghearmáinis. Chuir múinteoirí in iúl go dtacaíonn siad go láidir le go n-ailíneofaí curaclaim agus measúnú NTI le FTCE chun an chomhsheasmhacht, an tsoiléireacht agus an dul chun cinn a fheabhsú ar fud na dteangacha, agus luadh Baccalaureate Idirnáisiúnta (IB) go minic mar shampla den dea-chleachtas measúnaithe lena léirítear ailíniú soiléir trédhearcach le FTCE.

### Comhpháirt mheasúnaithe ó bhéal

Mheas na rannpháirtithe go raibh gné an mheasúnaithe ó bhéal ríthábhachtach, agus bhí tacaíocht fhorleathan ann chun a hualú a mhéadú i gcomhréir le hábhair eile. D'aontaigh na scoláirí agus na múinteoirí gur cheart tús áite a thabhairt d'inniúlacht teanga ó bhéal le linn an teagaisc agus an mheasúnaithe, agus d'áitigh siad go ndírítear an iomarca sna cleachtais reatha ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair seachas ar an gcumarsáid bharántúil. Ba léir ón aiseolas éagsúil ar struchtúr agus ar chomhpháirteanna ar leith na béaltrialach go bhféadfaí tionchar suntasach a imirt ar eispéiris foghlama na scoláirí mar gheall ar éagsúlachtaí beaga fiú, i ndearadh an mheasúnaithe, mar shampla rólimirtí, sraitheanna pictiúr agus tionscadail roghnacha a chur san áireamh. Cé gur measadh go raibh rólimirtí agus sraitheanna pictiúr ina gcúnamh le haghaidh ullmhúcháin, cáineadh go mór iad as an bhfoghlaim de ghlanmheabhair a spreagadh in ionad na cumarsáide spontáiní. Tugadh tacaíocht an-tomhaiste don fhéidearthacht punann a thabhairt isteach, agus bhí imní ann maidir le heaspa soiléireachta ó thaobh ról na punainne agus an ualaigh oibre mhéadaithe de.

### Comhpháirt mheasúnaithe chluastuisceana

Measadh gur cuid lárnach den mheasúnú teanga é an scrúdú cluastuisceana ach bhíothas go mór i bhfabhar fhad agus ualú an scrúdaithe a laghdú, agus é a ailíniú níos dlúithe leis an scrúdú cluastuisceana Gaeilge. Dúradh go raibh an scrúdú dothuartha agus gur díríodh go mór ann ar an éisteacht éighníomhach, ag éileamh ar scoláirí stór focal ar leith a aithint ar fud raon leathan topaicí. Chuir múinteoirí in iúl go raibh imní orthu gur laghdaíodh an taithí ar an spriocteanga mar gheall ar na ceisteanna Béarla, rud a chuir srian ar na deiseanna le haghaidh na cumarsáide barántúla. Thuairiscigh scoláirí agus múinteoirí araon gur díríodh go mór sna gníomhaíochtaí ranga ar an ullmhúchán le haghaidh scrúduithe agus d'iarr siad go n-áireofaí ábhair chlosamhairc agus tascanna éisteachta níos barántúla agus níos idirghníomhaí lena léirítear fíorúsáid na teanga.

### Comhpháirt scríofa

Ar an iomlán, tuairiscíodh go raibh tionchar láidir ag an scrúdú scríofa ar an gcleachtas sa seomra ranga. Cáineadh a struchtúr as deighilt shaorga a chruthú idir scileanna teanga agus ullmhúchán a bhaineann go sonrach le topaicí a spreagadh seachas fíorinniúlacht chumarsáideach a chothú. Chuir scoláirí in iúl go raibh siad míshásta leis an gcur chuige atá bunaithe ar scrúduithe, ina dtugtar tús áite d'aisghabháil faisnéise agus d'fhoghlaim stór focal de ghlanmheabhair, agus go mbíonn an tuiscint ar an iomlán agus úsáid straitéisí thíos leis. D'iarr scoláirí agus múinteoirí araon go n-áireofaí raon níos leithne téacsanna, mar shampla téacsanna closamhairc agus ilmhódacha agus leag siad béim ar an ngá atá le tascanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a chomhtháthú chun cumarsáid fíorshaoil a léiriú, lena n-áirítear idirghníomhú ar líne. Cáineadh leitheadúlacht na scríbhneoireachta aiste go forleathan, agus mhol rannpháirtithe tascanna scríbhneoireachta níos praiticiúla agus níos idirghníomhaí.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Meastar go forleathan go bhfuil NTI tarraingteach agus tábhachtach, agus tá meas ar leith ar ábhar cultúrtha, mar shampla, scannáin, ceol, féilte agus nósanna.
- Tá laghdú ag teacht ar ghlacadh NTI sa tsraith shinsearach agus tá roinnt cúiseanna nó tosca is cúis leis sin á lua ag scoileanna.
- D'iarr na rannpháirtithe go dtabharfaí tús áite don chumarsáid ó bhéal agus don teanga fíorshaoil i ngach comhpháirt mheasúnaithe.

# Cuid 4: Treochtaí idirnáisiúnta san oideachas Nuatheangacha Iasachta

Chun bonn eolais a chur faoi athfhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí, d'fhiosraigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) soláthar ábhair na sraithe sinsearaí i ndlínsí idirnáisiúnta. Leis an athbhreithniú ar sholáthar curaclaim NTI i sé dhlínse idirnáisiúnta, léirítear cuir chuige maidir le soláthar, eagrú agus ábhar chomh maith le measúnú ar churaclaim NTI go hidirnáisiúnta. Roghnaíodh na sé dhlínse, an Fhrainc, an Ísiltír, Ontario, an Spáinn, Albain agus Victoria, toisc gur comhthéacsanna ilteangacha iad ina bhfuil iliomad teangacha náisiúnta, dúchasacha nó réigiúnacha.

## An Fhrainc

### Soláthar curaclaim NTI

Sa Fhrainc, tá nuatheanga iasachta amháin ar a laghad, ar a dtugtar *langue vivante*, éigeantach i ngach clár *Baccalauréat*, agus teastaíonn dhá nó trí rian ar roinnt conairí. Tá réimse leathan NTInna ann, mar shampla, an Araibis, an tSínis, an Béarla, an Ghearmáinis, an Eabhrais, an Iodáilis, an tSeapáinis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Spáinnis, agus an Rúisis, agus is féidir leis na scoláirí rogha a dhéanamh ón réimse sin. Ina theannta sin, tá teangacha réigiúnacha ar fáil, mar shampla, an Bhascais, an Bhriotáinis, an Chatalóinis, an Chorsaicis, an Criól, an Ocsatáinis, agus an Taihítis, chomh maith leis an Laidin, an Ghréigis agus Teanga Chomharthaíochta na Fraince le haghaidh roghanna áirithe. Cuimsítear teangacha iasachta i dteagasc disciplíní eile freisin sa Fhrainc. Mar shampla, déanann scoláirí sa *Baccalauréat* Teicniúil staidéar ar ábhair theicneolaíocha i dteanga iasachta.

### Eagrú agus inneachar an churaclaim

Tá creatchuraclam comónta ag an bhFrainc le haghaidh gach NTI sa *Baccalauréat* ginearálta agus teicniúil, agus creat ar leith le haghaidh an chúrsa gairme. Tá gach curaclam nuatheanga iasachta bunaithe ar FTCE agus déantar sainmhíniú iontu ar inniúlacht chumarsáide trí chomhpháirteanna teanga, sochtheangeolaíocha agus pragmatacha, i gcomhréir le cur chuige FTCE atá dírithe ar ghníomh. Tá spriocanna gnóthachtála agus greillí measúnaithe ailínithe le leibhéil FTCE ar fud réimsí an ghabhchumais, an idirghníomhaithe, an léirithe agus na hidirghabhála. Athraíonn an spriocleibhéal ag brath ar an gconair *Baccalauréat* agus cé acu an chéad nuatheanga iasachta (Leibhéal B2 FTCE), an dara nuatheanga iasachta nó an tríú nuatheanga iasachta (Leibhéal B1 FTCE) atá ag an scoláire í an teanga.

### Measúnú

Sa Fhrainc, tagann40 % den mharc foriomlán *Baccalauréat* ó mheasúnú leanúnach sna croí-ábhair éigeantacha agus in dhá shainábhar. I gcás NTI, is ionann sin agus 6% den 40% iomlán le linn an dá bhliain dheireanacha. Tagann an 60% eile de mharc *Baccalauréat* ó scrúduithe seachtracha, lena n-áirítear scrúduithe scríofa sa Fhraincis (10%), san fhealsúnacht (8%), sa bhéaltriail mhór ('grand oral') thrasdisciplíneach (10%), agus dhá scrúdú saineábhair, ar fiú 16% an ceann iad. Ní mór do mhic léinn a roghnaíonn NTI mar shainábhar measúnú seachtrach a chur i gcrích freisin. Is éard atá i gceist leis sin scrúdú scríofa a mhaireann 3.5 uair an chloig, ina bhfuil achoimre ar théacs agus tasc aistriúcháin nó trasuímh, agus béaltriail 20 nóiméad, lena n-áirítear cur i láthair 10 nóiméad agus plé 10 nóiméad ina dhiaidh sin.

## An Ísiltír

### Soláthar curaclaim NTI

San Ísiltír, tá NTI, ar a dtugtar *Moderne vreemde talen* (MVT), mar chuid lárnach den oideachas. Tá an Béarla éigeantach mar an chéad nuatheanga iasachta i ngach conair, agus tá gá leis an dara nuatheanga iasachta i roinnt conairí freisin. I measc na dteangacha ar féidir staidéar a dhéanamh orthu, tá an Béarla, an Ghearmáinis, an Fhraincis, an Araibis, an tSínis, an Iodáilis, an Spáinnis, an Rúisis agus an Tuircis.

### Eagrú agus inneachar an churaclaim

San Ísiltír, tá dlúthnasc idir staidéar NTI agus FTCE, trí shraith de phríomhchuspóirí agus spriocanna gnóthachtála ar fud réimsí na Cumarsáide, na Feasachta Teanga agus na Feasachta Cultúrtha. Leagtar amach ionchais de réir na scileanna teanga atá ailínithe le leibhéil FTCE. Athraíonn na leibhéil ghnóthachtála de réir na scile teanga agus na teanga iasachta ar leith, agus bíonn ionchais níos airde ann go ginearálta maidir le gabhchumas agus maidir leis an mBéarla agus leis an nGearmáinis, a bhfuil baint thíopeolaíoch acu leis an Ollainnis. Ina theannta sin, tá cláir *ab initio* níos giorra san Araibis, sa tSínis, san Iodáilis, sa Rúisis, sa Spáinnis agus sa Tuircis ar fáil, ag leibhéil inniúlachta níos ísle chun an leithdháileadh ama níos giorra don ábhar a léiriú.

### Measúnú

San Ísiltír, tá an measúnú ar NTI roinnte go cothrom idir comhpháirteanna scoilbhunaithe agus comhpháirteanna seachtracha. Is ionann an measúnú scoilbhunaithe agus 50% den mharc deiridh agus clúdaítear raon leathan scileanna ann. Is scoileanna aonair a dhearann na measúnuithe sin, is í an Chigireacht a fhaomhann iad, agus d’fhéadfadh tascanna béil, scríofa, digiteacha nó praiticiúla a bheith i gceist leo. Tá an 50% eile den mheasúnú bunaithe ar scrúdú léamhthuisceana arna riar go seachtrach, a d’fhorbair Institiúid Náisiúnta Tástála na hÍsiltíre (CITO).

## Ontario

### Soláthar curaclaim NTI

Áirítear NTI, ar a dtugtar *Teangacha Idirnáisiúnta* go háitiúil, i gcuraclam Ontario agus tacaítear leis freisin le hábhair eile a theagasc trí theanga iasachta. Is féidir le scoláirí rogha a dhéanamh as 78 dteanga atá ar fáil chun staidéar a dhéanamh orthu, i dtreo creidmheasanna roghnacha le haghaidh Dhioplóma Meánscoile Ontario (OSSD).

### Eagrú agus inneachar an churaclaim

Tá Curaclam Ontario le haghaidh Teangacha Clasaiceacha agus Idirnáisiúnta, a forbraíodh ar dtús in 1999 agus a ndearna athbhreithniú air in 2017, ag teacht le prionsabail FTCE ó thaobh na teanga, an chuir chuige oideolaíoch, agus na físe foriomláine de, ach ní thagraítear dó ann go sonrach. Cuirtear cumas atá comhsheasmhach le FTCE chun cinn agus comhtháthaítear torthaí oideachais níos leithne. Bíonn eagraithe curaclaim agus ionchais ina dtreoir don fhoghlaim agus don mheasúnú araon.

### Measúnú

In Ontario, tá gach measúnú le haghaidh NTI scoilbhunaithe agus ailínithe le hábhar seanbhunaithe agus le caighdeáin feidhmíochta. Tá dhá chomhpháirt sa ghrád deiridh agus sa scór creidmheasa: leithdháiltear 70% ar obair chúrsa leanúnach, lena n-áirítear tascanna, tionscadail

agus aistí a chuirtear i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteora chun cothromas agus comhsheasmhacht a chinntiú; tá an 30% eile bunaithe ar mheastóireacht deiridh.

## An Spáinn

### Soláthar curaclaim NTI

Is croí-ábhar éigeantach é nuatheanga iasachta sa Spáinn, ar a dtugtar *lengua extranjera*, i ngach conair *Bachillerato*. Is féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar aon nuatheanga iasachta atá ar fáil. I bpobail fhéinrialaitheacha ag a bhfuil teangacha réigiúnacha oifigiúla, is féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar an mBascais, ar an gCatalóinis, ar an Vaileinsis, ar an nGailísis agus ar an Ocsatáinis. Tacaíonn an Spáinn le húsáid FCÁT ar gach leibhéal oideachais, agus béim á leagan ar thuiscint, léiriú agus idirghníomhaíocht ó bhéal.

### Eagrú agus inneachar an churaclaim

Sa Spáinn, tá cur chuige, leibhéil agus inniúlachtaí churaclam *Bachillerato* bunaithe ar FTCE. Glactar cur chuige FTCE sa churaclam, ar cur chuige é atá dírithe ar ghníomh, lena spreagtar múinteoirí chun tascanna foghlama idirdhisciplíneacha, fiúntacha, a chuirtear i gcomhthéacs, a dhearadh lena gcuirtear cumas gníomhúcháin na bhfoghlaimeoirí chun cinn. Cé gur léiriú é an téarmaíocht a úsáidtear ar ghníomhaíochtaí agus cumas FTCE, ní dhéantar spriocanna gnóthachtála a ailíniú go sonrach le tuairisceoirí sonracha ar leibhéal FTCE.

### Measúnú

Sa Spáinn, tá an measúnú le haghaidh *Bachillerato* go hiomlán scoilbhunaithe agus leanúnach, agus níl aon chomhpháirt mheasúnaithe sheachtrach ann. Is é múinteoir an ábhair a shocraíonn na gráid, agus tá na greillí measúnaithe bunaithe ar FTCE. É sin ráite, is féidir le scoláirí nach n-éiríonn leo san ábhar scrúdú urghnách a dhéanamh, agus is é an riarachán oideachais áitiúil a shocraíonn an uair a dhéantar an scrúdú.

## Albain

### Soláthar curaclaim NTI

Tá NTI ar cheann d'ocht bpríomhréimse foghlama de Curriculum for Excellence (CfE) na hAlban. Faoin mbeartas teanga 1+2, tosaíonn gach scoláire ar an gcéad teanga bhreise (T2) ó Bhunrang 1 (aois 5+) agus ar an dara teanga bhreise (T3) ó Bhunrang 5 (aois 9+).

### Eagrú agus inneachar an churaclaim

Leagtar béim in CfE na hAlban ar scileanna a fhorbairt san éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh, tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn teanga, agus teanga a úsáid le haghaidh foghlama, oibre agus saoil. Tá an t-oideachas nuatheanga iasachta in Albain ailínithe le FTCE. Faoi dheireadh Mheánrang 3 (thart ar 15 bliana d'aois), táthar ag súil go mbainfidh formhór na scoláirí Leibhéal 4 de Chreat Creidmheasa agus Cáilíochtaí na hAlban (SCQF) amach, atá coibhéiseach le A2 FTCE (úsáideoir bunúsach). Ardscrúduithe na hAlban ('Scottish Highers') (SCQF Leibhéal 6), ar cúrsaí aon bhliain iad agus ar riachtanas iontrála caighdeánach le haghaidh an ardoideachais iad, a thagann le B1 FTCE (úsáideoir neamhspleách), fad is atá Ardscrúduithe Ardleibhéil ('Advanced Highers') (SCQF Leibhéal 7) ailínithe le leibhéil B1/B2 FTCE.

### Measúnú

Tá comhpháirteanna scoilbhunaithe agus seachtracha araon sa mheasúnú. Is ionann measúnú scoilbhunaithe agus 16.7% de na marcanna iomlána agus tasc scríbhneoireachta a leagann

scoileanna síos de réir threoirlínte Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA), a dhéantar faoi mhaoirseacht, agus a mharcáiltear go seachtrach ag SQA. Tagann an 83.3% eile de na marcanna ó mheasúnuithe seachtracha, lena n-áirítear scrúdú dhá uair an chloig chun measúnú a dhéanamh ar léitheoireacht (30 marc) agus scríbhneoireacht threoraithe (20 marc), triail chluastuisceana 30 nóiméad (20 marc) agus béaltriail 10 nóiméad (30 marc) ina ndírítear ar an bplé.

## Victoria

### Soláthar curaclaim

In Victoria, ní mór do scoileanna clár NTI a sholáthar do scoláirí suas le 16 bliana d'aois. Roghnaíonn scoláirí atá 16 bliana d'aois nó níos sine ar mhaith leo staidéar a dhéanamh ar nuatheanga iasachta do Theastas Oideachais Victoria (VCE). Is féidir staidéar a dhéanamh ar réimse leathan teangacha mar chéad teanga, dara teanga nó teanga eile. Mar shampla, is féidir le scoláirí ag a bhfuil an tSínis, an Indinéisis, an tSeapáinis, an Chóiréis nó an Vítneaimis mar chéad teanga, staidéar a dhéanamh ar an teanga sin mar chéad teanga, agus is féidir staidéar a dhéanamh ar na teangacha sin mar dhara teanga freisin.

### Eagrú agus inneachar an churaclaim

Tá Victoria difriúil ó dhlínsí eile sa mhéid is go leantar dearaí staidéir aonair seachas creat coiteann ina churaclaim NTI. Déantar gach dearadh staidéir a struchtúrú i gceithre aonad a chuirtear i gcrích thar dhá bhliain. Eagraítear na haonaid sin bunaithe ar théamaí agus ar thopaicí a leagadh síos, agus tá siad leagtha amach de réir torthaí i dtrí réimse staidéir: an chumarsáid idirphearsanta, an chumarsáid léirmhínitheach, agus an chumarsáid a bhaineann le cur i láthair. Tá gach aonad treoraithe ag sonraíochtaí tras-staidéir freisin, lena n-áirítear cumarsáid, tuiscint ar theangacha agus ar chultúir, agus na cúig mhacra-scil: éisteacht, labhairt, léitheoireacht, scríbhneoireacht, agus breathnóireacht.

### Measúnú

In Victoria, tá measúnú NTI roinnte go cothrom idir comhpháirteanna scoilbhunaithe agus seachtracha. Áirítear ar na tascanna scoilbhunaithe (50%) trí thasc ghrádaithe arna measúnú de réir torthaí foghlama. Áirítear ar mheasúnú seachtrach scrúdú scríofa 2 uair an chloig 15 nóiméad (37.5%) lena gclúdaítear éisteacht, labhairt agus léitheoireacht, agus béaltriail 15 nóiméad (12.5%) ina bhfuil comhrá agus plé ar thopaic.

## Breathnuithe maidir le dlínsí idirnáisiúnta

Tá sé éigeantach teanga iasachta nua-aimseartha a fhoghlaim sa Fhrainc, san Ísiltír, agus sa Spáinn, ach tá sé roghnach in Ontario, Albain, agus Victoria. Athraíonn roghanna teanga de réir réigiúin, lena léirítear comhthéacsanna áitiúla agus domhanda, agus áirítear leo teangacha domhanda, réigiúnacha agus mionlaigh. Cuirtear foghlaim NTI chun cinn i ngach dlínse trí straitéisí náisiúnta, uirlisí digiteacha, roghanna cianfhoghlama, treoir an mhúinteora, forbairt ghairmiúil, agus acmhainní ar ardchaighdeán. Cé is moite de Victoria, bhain gach dlínse úsáid as FTCE chun a gcreataí curaclaim NTI a fhorbairt. Athraíonn an cur chuige maidir le hailíniú FTCE ó dhlínse go dlínse toisc go ndéantar FTCE a chur i gcomhthéacs chun é a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil. Cé go mbíonn príomhthéarmaí agus príomhchuir chuige nasctha de ghnáth le téarmaíocht agus cur chuige a leagtar amach in FTCE, is minic a bhíonn inniúlachtaí agus spriocanna curaclaim níos leithne éagsúil toisc go mbaineann siad go sonrach leis an gcomhthéacs áitiúil. Ar fud na

ndlínsí éagsúla, d'fhéadfadh torthaí foghlaimeoirí a ailíniú le leibhéil inniúlachta FTCE, scrúduithe a ailíniú le leibhéil inniúlachta FTCE, agus/nó scrúduithe a ailíniú le FTCE i bprionsabail, cuir chuige agus príomhsmaointe gan spriocanna curaclaim a ailíniú go sainráite le leibhéil inniúlachta FTCE, a bheith i gceist le hailíniú le FTCE.

## Achoimre ar an gcuid seo

- Tá NTI éigeantach ag leibhéal na meánscoile sinsearaí sa Fhrainc, san Ísiltír, agus sa Spáinn, agus tá sé roghnach in Ontario, Albain, agus Victoria. Múintear ábhair eile trí theanga iasachta freisin i roinnt dlínsí (m.sh. FCÁT, *Baccalauréat* Teicniúil).

- Léiríonn na teangacha a thairgtear riachtanais áitiúla, lena n-áirítear teangacha domhanda, oidhreachta, agus réigiúnacha. Baineann an chuid is mó díobh úsáid as cur chuige creata comónta atá ailínithe le FTCE, agus torthaí curtha in iúl mar inniúlachtaí teanga atá nasctha le spriocanna oideachais níos leithne.

- Mar chuid den mheasúnú tá comhpháirteanna scoilbhunaithe (m.sh. obair chúrsa, scrúduithe inmheánacha) ar fud na ndlínsí go léir. Úsáideann an Fhrainc, an Ísiltír, Albain agus Victoria measúnuithe seachtracha freisin, lena n-áirítear comhpháirteanna scríofa agus labhartha de ghnáth.

- Déanann formhór na ndlínsí idirnáisiúnta curaclaim NTI a ailíniú le FTCE ar bhealaí éagsúla, agus é á chur in oiriúint do chomhthéacsanna áitiúla.

# Cuid 5: Ceisteanna a bhfuil Machnamh le Déanamh Orthu

Leagtar amach roinnt ceisteanna sa chuid seo a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le hathfhorbairt NTI AT. Tagann siad seo chun cinn ó chineál na Nuatheangacha Iasachta iad féin, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe seo sa cháipéis eolais seo.

## Creatchuraclam comhtháite NTI na hArdteistiméireachta

Príomhthosaíocht maidir le NTI na hArdteistiméireachta a athfhorbairt is ea creat leanúnach, seasmhach agus trédhearcach a bhunú chun NTI AT a theagasc, a fhoghlaim agus a mheasúnú. Cé gur ghlac Éire cur chuige comónta maidir le forbairt curaclaim do Nuatheangacha Iasachta chomh luath le 1995, tá neamhréireachtaí ann mar thoradh ar fhorbairt siollabas teanga aonair, go háirithe maidir le measúnú. Cuireadh i dtábhacht sa pháipéar seo go mbraitear go mbíonn tionchar suntasach ag difríochtaí caolchúiseacha sa mheasúnú, amhail comhpháirteanna roghnacha i mbéaltrialacha agus i scrúduithe scríofa nó éagsúlachtaí i gcineálacha tascanna ar rannpháirtíocht, taitneamh agus torthaí na scoláirí. I measc na bpríomhúdar machnaimh chun creatchuraclaim NTI na hArdteistiméireachta seo a dhearadh tá:

- an chaoi a bhféadfaí le creat NTI AT treoir a sholáthar maidir le cur chuige uileghabhálach ilteangach i leith oideachas NTI atá comhtháite agus seasmhach ar fud na dteangacha uile agus a fhanann oscailte agus solúbtha chun tacú le gach ceann de na teangacha curaclaim agus de na pobail teanga go cothrom agus chun meas a léiriú orthu.
- an chaoi a bhféadfaí le Creat NTI AT tacú le cur chuige seasmhach a fhorbairt maidir le gnóthachtáil scoláirí a mheasúnú agus a thuairisciú, rud atá inchomparáide ar fud na dteangacha go léir.

## Cur i láthair agus ailíniú FTCE

Príomhábhar machnaimh maidir le hathfhorbairt NTI AT is ea cur i láthair iomchuí na sonraíochtaí teanga curaclaim aonair. Faoi láthair, cuirtear an chuid is mó de shonraíochtaí NTI na hArdteistiméireachta i láthair ag leibhéal inniúlachta idirmheánach, ina n-éilítear inniúlacht bhunúsach teanga chun rochtain a fháil ar an gcuraclam. Eisceacht is ea Mandairínis na hArdteistiméireachta, a chuirtear i láthair ar leibhéal *ab initio*. Chun cothromas a chur chun cinn, is fiú breithniú a dhéanamh ar cheart gach sonraíocht teanga a bheith dírithe ar leibhéal inniúlachta comónta nó ar cheart leibhéil inniúlachta a bheith ag brath ar chritéir shonracha. Léiríonn comparáidí idirnáisiúnta cineálacha éagsúla cur chuige: sonraíonn roinnt dlínsí leibhéil inniúlachta níos airde don chéad NTI éigeantach agus leibhéil níos ísle i gcás teangacha breise, agus sonraíonn dlínsí eile, amhail an Ísiltír, leibhéil inniúlachta níos airde i dteangacha atá cosúil leis an Ollainnis, agus leibhéil inniúlachta níos ísle á socrú maidir le teangacha atá difriúil ó thaobh na teangeolaíochta de agus cúrsaí roghnacha *ab initio* níos giorra. Cé go bhfuil sé deacair an deacracht choibhneasta a bhaineann le NTI ar leith a fhoghlaim a chainníochtú, tugtar le fios i dtaighde gur gnách go mbíonn níos lú ama agus iarrachta ag teastáil i gcás fhoghlaim na dteangacha atá cosúil, ó thaobh na teangeolaíochta de, agus a bhfuil an script chéanna acu, le T1 na scoláirí nó na scoileanna, ná mar a theastaíonn i gcás teangacha lena mbaineann difríochtaí suntasacha teangeolaíochta, lena n-áirítear script dhifriúil.

Tá dlúthnasc idir an tsaincheist maidir le cur i láthair agus ailíniú shonraíochtaí NTI AT le FTCEI. Mar a tuairiscíodh sa pháipéar seo, cuireadh siollabais reatha na hArdteistiméireachta don

Fhraincis, don Ghearmáinis, don Iodáilis, don tSeapáinis, don Rúisis agus don Spáinnis i bhfeidhm roimh fhoilsiú FTCE. Is sprioc shonraithe i straitéis *Déanann Teangacha Nasc* na hÉireann é ailíniú FTCE, agus rinneadh sonraíochtaí curaclaim a forbraíodh le déanaí a ailíniú go ginearálta le FTCE. Sa pháipéar seo, cuireadh i dtábhacht go bhfuil ailíniú FTCE coiteann go hidirnáisiúnta agus go dtacaítear leis go forleathan i measc múinteoirí NTI. Agus sonraíochtaí NTI na hArdteistiméireachta á n-athfhorbairt, áirítear na nithe seo a leanas ar na príomhúdair mhachnaimh maidir le cur i láthair agus ailíniú FTCE:

- leibhéil inniúlachta FTCE le haghaidh sonraíochtaí NTI na sraithe sinsearaí a fhiosrú agus cothroime ómóis, cothromas agus dul chun cinn idir céimeanna oideachais á meas.
- breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh leibhéil inniúlachta, mar aon le haidhmeanna agus prionsabail oideachais FTCE, bonn eolais a chur faoi fhorbairt torthaí foghlama agus bunús a chur ar fáil do chleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe.
- an chaoi a bhféadfaí le hailíniú FTCEI tacú le héagsúlacht teanga chomh maith le dul chun cinn agus leanúnachas, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí aitheantas a thabhairt d'inniúlacht teanga a fuarthas i suíomhanna oideachais traidisiúnta agus lasmuigh díobh.

## Deiseanna chun teanga a chur i bhfeidhm san fhíorshaol

Príomh-shaincheist eile lena meas is ea an gá atá le tosaíocht a dhéanamh d'fheidhmeanna fíorshaoil maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú nuatheangacha iasachta. Tacaíonn FTCEI le cur chuige dírithe ar ghníomh maidir le foghlaim teanga ina ndírítear ar úsáid na teanga san fhíorshaol. Le linn cuairteanna scoile, tharraing rannpháirtithe aird arís agus arís eile ar an tábhacht a bhaineann leis an oideachas nuatheanga iasachta a chur i bhfeidhm san fhíorshaol, agus iad den tuairim go bhfuil siad riachtanach chun foghlaim teanga a dhéanamh fiúntach, tarraingteach agus ábhartha. Bhí meas ar leith ag scoláirí deiseanna chun foghlaim teanga a nascadh le heispéiris laethúla, trí ábhar cultúrtha, mar shampla, scannáin, ceol agus cultúr pobail. Chuir siad in iúl gur mhór leo go mbeadh gnéithe cultúrtha níos barántúla amhail nósanna, féilte agus eachtraí stairiúla leabaithe sa churaclam. Cé gur measadh go raibh fad iomlán na dtéacsanna liteartha ró-éilitheach, mhol na rannpháirtithe sleachta liteartha níos giorra agus éagsúlacht níos leithne de chineálacha téacs, lena n-áirítear na meáin dhigiteacha, chun ailíniú níos fearr le leasanna na scoláirí agus leis an gcumarsáid laethúil. Leagadh béim arís is arís eile ar sholúbthacht agus ar rogha maidir le téacsanna a roghnú, agus gurbh fhearr leo liostaí molta seachas liostaí dualgais chun cothroime agus ábharthacht a áirithiú. Ina theannta sin, leagann foghlaim ón athbhreithniú ar léargais luatha ar an Liotuáinis, ar an bPolainnis agus ar an bPortaingéilis béim ar acmhainneacht phunann teanga na scoláirí i dtéarmaí úinéireacht scoláirí ar an bhfoghlaim agus a sealbhú pearsanta teanga féin.

Áireofar an méid seo a leanas ar na príomhúdair mhachnaimh maidir le curaclaim NTI AT a athfhorbairt:

- an chaoi chun an fócas ar inniúlacht chumarsáide a neartú, go háirithe inniúlacht teanga labhartha trí theagasc, foghlaim agus measúnú.
- an chaoi chun úinéireacht na scoláirí agus neamhspleáchas foghlaimeora a fheabhsú trí dheiseanna foghlama scoláire-lárnaithe a leabú agus tacú leo, lena n-áirítear acmhainneacht punainne teanga scoláire.
- an chaoi lena gcuirfear rannpháirtíocht le téacsanna dílse chun cinn chun a áirithiú go bhfuil ábhar an chúrsa ábhartha, spreagúil agus nasctha go fóinteach le heispéiris

fíorshaoil na spriocphobal teanga, agus an chaoi a d'fhéadfaí tacú leis sin trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha

## Foghlaim, teagasc agus measúnú a ailíniú

Léiríonn léargais ón bPríomh-Scrúdaitheoir agus ó thuarascálacha cigireachta dá dtagraítear sa pháipéar seo teannas leanúnach idir inniúlacht chumarsáideach san fhíorshaol a chur chun cinn agus scoláirí a ullmhú le haghaidh scrúduithe seachtracha, rud atá fós chun tosaigh ar eispéireas foghlama NTI AT. Moltar go seasmhach i dtuarascálacha cigireachta go gcuirfí béim níos mó ar an sprioctheanga a úsáid mar phríomh-mheán cumarsáide sna seomraí ranga. Cé go dtugtar tús áite do chumas cumarsáide sa bhéaltriail, tá an scrúdú scríofa fós dírithe ar chruinneas teanga agus ar stór focal mionsonraithe. Leis an aiseolas ó chuairteanna scoile léiríodh go spreagann ullmhúchán scrúdaithe cuid mhór den fhoghlaim ar fud na sraithe sinsearaí, agus go gcaitheann scoláirí agus múinteoirí go minic leis an léitheoireacht, leis an éisteacht agus leis an scríbhneoireacht mar scileanna ar leith, rud a léiríonn an chaoi a ndéantar measúnú orthu. Tá an cur chuige deighilte sin i gcodarsnacht leis na prionsabail atá dírithe ar ghníomh maidir le foghlaim agus measúnú teanga a leagtar amach in FTCEI, lena gcuirtear cumas cumarsáide comhtháite agus úsáid teanga san fhíorshaol chun cinn.

Tá rannpháirtíocht le comhpháirteanna roghnacha liteartha agus cultúrtha sa mheasúnú teoranta fós. Is annamh a úsáidtear téacsanna liteartha iomlána sa seomra ranga, agus is minic a bhíonn ábhar cultúrtha teoranta d'obair thionscadail roghnach, nach mbíonn comhlánaithe ag cuid mhór scoláirí. Nuair a cheanglófar é sin le tús áite a thabhairt do bheachtas teanga thar chumas cumarsáideach sna comhpháirteanna measúnaithe scríofa agus éisteachta, is féidir leis an bhfócas sin raon feidhme na foghlama teanga a shrianadh agus d'fhéadfadh sé teorainn a chur le heispéireas oideachais níos leithne na scoláirí. Dá bhrí sin, beidh sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an curaclam a dhearadh chun tacú le cuir chuige i leith na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe agus chun iad a spreagadh, ar cuir chuige iad a léiríonn úsáid san fhíorshaol agus rannpháirtíocht chultúrtha fhiúntach araon. Sa chomhthéacs seo, i measc roinnt ceisteanna atá le meas tá:

- an chaoi ar féidir le dearadh na sonraíochta tacú le cur chuige comhtháite atá dírithe ar ghníomhaíocht i leith foghlaim teanga agus é a chur chun cinn, ar cur chuige é lena ndírítear ar inniúlacht chumarsáideach, ar rannpháirtíocht chultúrtha fhiúntach agus ar úsáid teanga san fhíorshaol
- an chaoi ar féidir le cuir chuige maidir le measúnú cur le hinniúlacht chumarsáideach agus le húsáid teanga san fhíorshaol agus an chaoi ar féidir leo a bheith seasmhach agus inchomparáide ar fud gach sonraíochta teanga.

## Achoimre ar an gCuid seo

Mar thoradh ar na príomh-shaincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu sa pháipéar seo, tagann roinnt príomhúdar machnaimh chun cinn maidir le NTI AT a athfhorbairt:

- An chaoi chun creat comhtháite agus seasmhach a bhunú le haghaidh teagasc, foghlaim agus measúnú NTI AT a chuireann cothromas chun cinn ar fud teangacha, a chothaíonn rannpháirtíocht na scoláirí, a thacaíonn le dul chun cinn, agus a léiríonn na buntáistí níos leithne a bhaineann le foghlaim teanga.

- An chaoi chun soiléireacht a sholáthar maidir le curaclaim NTI AT a ailíniú le FTCEI chun comhsheasmhacht, tacaíocht do leanúnachas agus dul chun cinn a áirithiú, agus chun éagsúlacht teanga a chothú.

- An chaoi chun inniúlacht chumarsáide agus rannpháirtíocht chultúrtha san fhíorshaol a chur chun cinn i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú NTI AT

- An chaoi chun ailíniú an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a chur chun cinn agus an chaoi lena chinntiú gur féidir leis an measúnú a bheith seasmhach agus inchomparáide ar fud gach sonraíochta teanga.

## Cuid 6: Treoir don athbhreithniú ar NTI AT

Chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú maidir le forbairt ar churaclam teanga na sraithe sinsearaí, forbrófar na deich sonraíocht teanga ar fud Thráinsí 4 agus 5 d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí, mar atá leagtha amach thíos.

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoi chreatchuraclam a fhorbairt agus sonraíochtaí curaclaim a athfhorbairt do NTI ATanna.

I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus faomhann an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Dearadh an treoir seo le bheith ina bunús leis an gcur chuige creata agus na sonraíochtaí curaclaim le haghaidh NTI AT a athfhorbairt. Cé go n-eascraíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheisteanna atá le meas agus a sainaithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis an Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm Luath Liotuáinis, Pholainnis agus Phortaingéilis na hArdteistiméireachta, agus leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 4 (Aguisín 1). Féadfar é a leathnú freisin chun freagairt do na gníomhaíochtaí a eascraíonn as Athbhreithniú Tapa Luath ar Araibis na hArdteistiméireachta, a dhéanfar sna blianta amach romhainn

Beidh na sonraíochtaí scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh na sonraíochtaí ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in 'Foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha' (CNCM, 2023). Leabófar Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí sna torthaí foghlama. Cuirfear na sonraíochtaí le haghaidh teangacha i script na Laidine i gcrích faoin dara ráithe de 2027 agus cuirfear na sonraíochtaí le haghaidh teangacha nach n-úsáidtear script na Laidine leo i gcríoch faoin dara ráithe de 2028.

Le bheith níos sonraí, tabharfaidh forbairt na sonraíochtaí curaclaim nua le haghaidh Nuatheangacha Iasachta aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail agus le fís na sraithe sinsearaí.
- An chaoi ar féidir le creatchuraclam NTI cur chuige comhleanúnach a éascú maidir le forbairt curaclaim ar fud gach NTI curaclaim ach fós aitheantas a thabhairt do gach nuatheanga iasachta aonair agus dá pobail teanga.
- An chaoi ar féidir le creatchuraclam NTI tacú le comhleanúnachas cothrománach i ndearadh struchtúr gach sonraíochta le haghaidh nuatheangacha iasachta aonair, lena n-áirítear snáitheanna, eilimintí, torthaí foghlama agus treoir a sholáthar maidir le cuir chuige teagaisc agus foghlama atá ailínithe le haidhmeanna agus prionsabail oideachais FTCEI.

- An chaoi ar féidir le fís, réasúnaíocht agus aidhm uileghabhálach do NTI AT cur chuige ionchuimsitheach, ilteangach maidir le foghlaim teanga a dhéanamh níos follasaí agus níos indéanta agus an chaoi ar féidir é sin a dhéanamh trédhearcach agus soiléir do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.
- An chaoi chun cur chuige seasmhach agus cothrom a fhorbairt maidir le measúnú agus tuairisciú ar fud na NTInna go léir, ailíniú FTCEI a shainiú go soiléir agus soiléireacht a sholáthar maidir leis na leibhéil inniúlachta a bhfuiltear ag súil leo ag príomhphointí i dturas foghlama teanga na bhfoghlaimeoirí.
- An chaoi ar féidir leis na sonraíochtaí tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, ina measc sin an chaoi le nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar, agus cur léi, sa tsraith shóisearach, san Idirbhliain, agus in ábhair agus modúil eile sa tsraith shinsearach, chomh maith le foghlaim teanga roimhe seo, agus tacú le foghlaim amach anseo sa saol, staidéar, fiontraíocht, breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, agus an saol oibre.
- An chaoi a bhféadfaí rannpháirtíocht, úinéireacht agus neamhspleáchas foghlaimeoirí a chothú trí phunann teanga scoláire a chomhtháthú.
- An chaoi ar féidir le sonraíochtaí le haghaidh nuatheangacha iasachta, ina struchtúr, ina gcur i láthair agus ina sainréim teanga, a bheith scoláire-lárnaithe agus béim shoiléir aici ar an gcaoi a bhforbróidh agus a léireoidh na scoláirí a bhfoghlaim teanga agus ar an gcaoi a dtacóidh sé le múinteoirí pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú.
- An chaoi ar féidir acmhainneacht na teicneolaíochta digití agus an dul chun cinn teicneolaíochta sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a chuimsiú agus a leabú i sonraíocht NTI, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-ábhar níos tarraingtí, níos ábhartha agus níos inrochtana do scoláirí.
- An chaoi a mbeidh an measúnú ar NTI na hArdteistiméireachta ailínithe leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar agus modúl i dTráinse 4 (Aguisín 1).
- An chaoi a bhféadfaí an tsonraíocht tacú le réimse príomhinniúlachtaí a fhorbairt do scoláirí mar aon le forbairt réimse scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha atá ábhartha don saol, don obair agus don staidéar amach anseo.

Tacóidh grúpaí tascanna teanga aonair le Meitheal Forbartha NTI uileghabhálach na hArdteistiméireachta. Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 4.

**Cúlra**

D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. I bhfocail shonracha, léirigh an fógra an méid a leanas:

- Beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
- Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
- Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
- Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).

Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar scoláirí a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

**Réamhrá**

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 4, ina measc:

- Ealaín
- Eacnamaíocht
- Fraincis
- Gaeilge
- Gearmáinis
- Iodáilis
- An Pholaitíocht agus an tSochaí
- Spáinnis
- Teicneolaíocht.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 2 agus 3 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile, thar scrúduithe scríofa, a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúduithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim na scoláirí**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama na scoláirí agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmithigh a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar scoláirí a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht mheasúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn an múinteoir leis an scoláire agus é ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lenar féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar scoláirí
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar na scoláirí go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúl uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

**Próiseas**

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha Ábhair an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.
4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

   a) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn na bparaiméadar arna leagan amach sa cháipéis seo a bhaineann leis an ábhar i gceist.

   NÓ

   b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar scoláirí a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.
5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á

threorú ag an Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltaí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.

7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

**Amlínte**

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Mheitheal Forbartha Ábhair, den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 4.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 4**

| Údair Mhachnaimh | Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú. |
|---|---|
| **Cineál** | Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:<br>• tionscadal taighde/aiste fhada<br>• measúnú ó bhéal<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• déantúsán a chruthú<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil.<br><br>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar scoláirí a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith ar leith de thorthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar. |

| | |
|---|---|
| **Am** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir. |
| **Cur i gCrích agus Cur Isteach** | Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar scoláirí go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais.<br><br>Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. |
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonrach do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh:<br>• cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi.<br>• an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist.<br>• tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 4**

| Ábhar | Na socruithe reatha | Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Ealaín** | *Obair chúrsa phraiticiúil:* 50% (curtha i gcrích thar 12 sheachtain); I mí na Nollag de Bhliain 6, eisíonn CSS leabhar sceitseála agus treoir le 3 théama agus roghnaíonn na scoláirí ceann amháin acu. Ní mór dóibh 2 dhéantúsán a chruthú in 2 réimse cleachtais ar leith. Cuirtear déantúsán amháin i gcrích le linn na tréimhse seo agus ní mór dóibh dul i mbun pleanála do tháirgeadh an dara déantúsán sa scrúdú praiticiúil.<br><br>*Scrúdú Praiticiúil:* 20% (5 uair an chloig); scrúdú ar a ndéantar feitheoireacht. Déantar é 10 lá tar éis chur i gcrích na hoibre cúrsa praiticiúla (thuas). Dírítear ar chur i gcrích an dara déantúsán. Tá an phleanáil don mheasúnú seo san áireamh sa leabhar sceitseála.<br><br>Tugann CSS cuairt ar an scoil le measúnú a dhéanamh ar an dá dhéantúsán agus ar an leabhar sceitseála.<br><br>*Scrúdú scríofa:* 30% (2.5 uair an chloig) | An scrúdú scríofa: ualú 30% ar an laghad.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 60% ar a laghad mar fhreagairt ar threoir arna heisiúint ag CSS.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Eacnamaíocht** | Maireann an scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig do scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 400 den 500 marc atá ar fáil (80%) air.<br><br>Tionscadal taighde scoláire aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomhchoiteann ó CSS agus is fiú 100 marc é (20%). Tá sé bunaithe ar thorthaí foghlama na sonraíochta. Déantar an obair chúrsa agus an obair phraiticiúil a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa. | Scrúdú scríofa: ualú 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Fraincis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15% | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:** |

<table>
<tr><td></td><td>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Dírítear an bhéaltriail ar chomhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais agus d'fhéadfadh saothar litríochta nó tionscadal ar oibrigh an scoláire air a bheith san áireamh léi.</td><td>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.</td></tr>
<tr><td>Gaeilge</td><td>Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal<br><br>Scrúdú scríofa le 2 pháipéar:<br><br>Páipéar 1: AL 2 uair 20 nóim.; GL 1 uair 50 nóim. (160 marc)<br>Cluastuiscint (60 marc)<br>Cumadóireacht (100 marc)<br><br>Páipéar 2: AL 3 uair 5 nóim.; GL 2 uair 20 nóim. (200 marc)<br>Léamhthuiscint (AL agus GL: 100 marc)<br>Prós (AL 30 marc; GL 50 marc)<br>Filíocht (AL 30 marc; GL 50 marc)<br>Litríocht Bhreise (AL 40 marc)<br><br>Béaltriail: 240 marc<br><br>Le haghaidh AL agus GL:<br><br>▪ Réamhrá: 5m<br>▪ Léamh Filíochta: 35m<br>▪ Comhrá: 120m<br>▪ Sraith pictiúr: 80m<br><br>Bonnleibhéal<br><br>Páipéar scríofa amháin: 2 uair 20 nóim. (360 marc)<br><br>Cluastuiscint (120 marc)<br>Léamhthuiscint (150 marc)<br>Scríbhneoireacht (90 marc)</td><td>Scrúdú scríofa (lena n-áirítear cluastuiscint, cumadóireacht agus tuiscint); ualú 50% ar a laghad<br><br>Béaltriail: ualú 40% ar a laghad</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | Béaltriail: (240 marc)<br><br>Tá seo roinnte ina 4 bhloc mar a leanas:<br><br>Bloc 1: Teaghlach agus Baile<br>Bloc 2: Cúrsaí Scoile<br>Bloc 3: Caithimh aimsire<br>Bloc 4: Laethanta saoire, am, aimsir agus obair. | |
| **Gearmáinis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Téacs ainmnithe ar bith.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Plé ar thionscadal nó ar shraith pictiúr<br>C: Cás rólimeartha | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Iodáilis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 3 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais<br>B: Cás rólimeartha<br>C: Sraith pictiúr | |
| **An Pholaitíocht agus an tSochaí** | Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 30 nóiméad ar fad.<br><br>Tuarascáil saoránachta atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |
| **Spáinnis** | Béaltriail: AL: 25% GL: 20%<br>Cluastuiscint: AL: 20% GL: 25%<br>Léamhthuiscint: AL: 30% GL: 40%<br>Cur in Iúl Scríofa: AL: 25% GL: 15%<br><br>Tá an Bhéaltriail ina comhrá de thart ar 15 nóiméad a dhéantar le linn thréimhse na Cásca<br>Cuirtear measúnú na Léitheoireachta agus Scríbhneoireachta i gcrích le linn scrúdú 2.5 uair an chloig i mí an Mheithimh<br>Measúnú Scileanna Éisteachta le linn scrúdú 40 nóiméad tar éis mheasúnú na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.<br><br>Rogha staidéar a dhéanamh ar théacs ainmnithe.<br><br>Tá 2 chuid sa Bhéaltriail:<br>A: Comhrá ginearálta bunaithe ar ábhar an tsiollabais le rogha saothar litríochta a phlé<br>B: Cás rólimeartha | An scrúdú scríofa: ualú 45% ar a laghad.<br><br>**Comhpháirteanna measúnaithe:**<br><br>Béaltriail: ualú 20% ar a laghad<br>Cluastuiscint: ualú 20% ar a laghad<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |
| **Teicneolaíocht** | Is ionann an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%).<br>Maireann scrúdú scríofa an ardleibhéil 2.5 uair an chloig agus maireann scrúdú scríofa an ghnáthleibhéil 2 uair an chloig.<br><br>Is ionann an obair chúrsa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon agus 200 marc (50%). | Scrúdú scríofa: ualú 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir. |

| | | |
|---|---|---|
| | Tá an obair chúrsa difriúil agus treoracha ar leith socraithe le haghaidh an ardleibhéil agus an ghnáthleibhéil.<br>Eisítear na treoracha thart ar an 1 Deireadh Fómhair (Bliain 6) lena gcur i gcrích timpeall an 30 Márta. | |

# Tagairtí

British Council (2025a). *Language Trends Scotland 2024/25* [ar líne]. Ar fáil ar: language_trends_2024_scotland_report.pdf

Comhairle na hEorpa. (2001). An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus a leaganacha teanga. Ar fáil ag: https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/cefr-and-its-language-versions

Comhairle na hEorpa. (2020). Imleabhar a Ghabhann le FTCE agus a leaganacha teanga. Ar fáil ag: https://rm.coe.int/common-european-framework-of-reference-for-languages-learning-teaching/16809ea0d4

Comhairle na hEorpa. (2022). Moladh CM/Rec(2022)1 agus meabhrán míniúcháin – An tábhacht a bhaineann le hoideachas ilteangach agus idirchultúrtha don chultúr daonlathach. Ar fáil ag: https://www.coe.int/en/web/education/-/new-recommendation-cm/rec-2022-1-and-explanatory-memorandum

Comhairle na hEorpa (2025a). *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) [ar líne]*. Ar fáil: An Fráma Tagartha Comónta Eorpach: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (FTCE) - An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)

Comhairle na hEorpa (2025b). *An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE): Scála domhanda - Tábla 1 (FTCE 3.3): Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha* [ar líne]. Ar fáil: Scála Domhanda - Tábla 1 (FTCE 3.3): Leibhéil Chomhchoiteanna Tagartha - An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)

Curaclam ar Líne. (2025). Sonraíocht Churaclaim le haghaidh Araibis na hArdteistiméireachta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/arabic/

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2012). Creat don tSraith Shóisearach. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/09527a9c-d43c-4876-9e85-87bef2461490/JCSEC_Framework_for-_Junior_Cycle_eng.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2024) Déanann Teangacha Nasc: Tuarascáil Athbhreithnithe Eatramhach agus Plean Forfheidhmithe go dtí 2026. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/foils%C3%ADonn-an-taire-foley-tuarasc%C3%A1il-athbhreithnithe-eatramhach-agus-plean-forfheidhmithe-go-dt%C3%AD-2026-de-chuid-d%C3%A9anann-teangacha-nasc/

An Roinn Oideachais. (2017). Déanann Teangacha Nasc – Straitéis Do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn, 2017–2026. Ar fáil ag: https://assets.gov.ie/static/documents/deanann-teangacha.pdf

An Roinn Oideachais. (2022). Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/foilseachain/strait%C3%A9is-dhigiteach-do-scoileanna-go-dt%C3%AD-2027/

An Roinn Oideachais. (2022). Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí – Cothromas agus Sármhaitheas do Chách. Ar fáil ar: Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí – Cothromas agus Sármhaitheas do Chách [Arna rochtain an 1 Iúil 2025].

An Roinn Oideachais. (2025). Tuarascálacha Cigireachta Scoile do Nuatheangacha Iasachta. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/school-reports/#:~:text=Inspection%20reports.%20You%20can%20find%20all%20inspection%20reports%20here.%20Use

Education Scotland (2009). *Modern Languages Principles and Practice* [ar líne]. Ar fáil: Modern Languages Principles and Practice > SCILT

An Coimisiún Eorpach (2025a). *European Education Area: Quality Education and Training for All* [ar líne]. Ar fáil: Leathanach Baile - Réimse Oideachais na hEorpa (

Eurydice an Choimisiúin Eorpaigh (2024). *National Education Systems: France. Teaching and Learning in General Upper Secondary Education* [ar líne]. Ar fáil: Teaching and learning in general upper secondary education

An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, (2019) Key competences for lifelong learning. Oifig na bhFoilseachán. Ar fáil ag: https://data.europa.eu/doi/10.2766/569540

Rialtas na Spáinne. An Aireacht Oideachais, Gairmoiliúna agus Spórt (gan dáta). *High School: Purposes, General Principles, Pedagogical Principles and Objectives* [ar líne]. Ar fáil: Purposes, general principles, pedagogical principles and objectives - | Ministry of Education, Vocational Training and Sports

Rialtas na Spáinne. An Aireacht Oideachais, Gairmoiliúna agus Spórt (gan dáta). *Language Teaching* [ar líne]. Ar fáil: Language Teaching - | Ministry of Education, Vocational Training and Sports

Rialtas na hÍsiltíre (níl aon dáta). *Senior General Secondary Education (HAVO) and Pre-university Education (VWO)* [ar líne]. Ar fáil: Senior general secondary education (HAVO) and pre university education (VWO) | Secondary education | Government.nl

An Aireacht Oideachais, Gairmoiliúna agus Spórt - Rialtas na Spáinne (gan dáta). *Foreign Language* [online]. Ar fáil: Foreign Language - | Ministry of Education, Vocational Training and Sports

An Aireacht Oideachais, Gairmoiliúna agus Spórt - Rialtas na Spáinne (gan dáta). *General Information about the Bachillerato* [ar líne]. Ar fáil: Baccalaureate Objectives - | Ministry of Education, Vocational Training and Sports

An Aireacht Oideachais Náisiúnta agus Óige (An Fhrainc) (2019a). *Langues Vivantes: Classes Préparant au Baccalauréat Professionnel et Classes Préparant au Certificat d'Aptitude Professionnelle* [ar líne]. Ar fáil: íoslódáil (arna rochtain an 12 Aibreán 2025).

An Aireacht Oideachais Náisiúnta agus Óige (An Fhrainc) (2019b). *Programme de Langues Vivantes de Première et Terminale Générales et Technologiques, Enseignements Commun et Optionnel* [ar líne]. Ar fáil: íoslódáil (arna rochtain an 12 Aibreán 2025).

An Aireacht Oideachais Náisiúnta, Ardoideachais agus Taighde (An Fhrainc) (2025a). *Éduscol: Modern Languages* [ar líne]. Ar fáil: Modern languages | Éduscol | Ministry of National Education, Higher Education and Research | Dgesco (arna rochtain an 16 Márta 2025).

An Aireacht Oideachais Náisiúnta, Ardoideachais agus Taighde (An Fhrainc) (2024a). *Éduscol: Programmes and Resources in Foreign and Regional Languages, Literatures and Cultures - Track G* [ar líne]. Ar fáil: Programs and Resources in Foreign and Regional Languages, Literatures and Cultures - Path G | Éduscol | Ministry of National Education, Higher Education and Research | Dgesco (arna rochtain an 6 Aibreán 2025).

An Aireacht Oideachais Náisiúnta, Ardoideachais agus Taighde (An Fhrainc) (2024b). *Éduscol: The Methods of Modern Language Assessment in the General and Technological Baccalauréat* [ar líne]. Ar fáil: The methods of evaluation of modern languages in the general and technological baccalaureates | Éduscol | Ministry of National Education, Higher Education and Research | Dgesco

An Aireacht Oideachais Náisiúnta, Ardoideachais agus Taighde (An Fhrainc) (2025b). *Éduscol: The Vocational Baccalauréat* [ar líne]. Ar fáil: The vocational baccalaureate | Éduscol | Ministry of National Education, Higher Education and Research | Dgesco

An Aireacht Oideachais Náisiúnta, Ardoideachais agus Taighde (An Fhrainc) (2022). *Teaching of English and modern foreign languages throughout compulsory schooling: Measures to Improve Student Learning* [ar líne]. Ar fáil: Actions to Improve Student Learning | Ministry of National Education, Higher Education and Research

CNCM. (2025). Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí: Nuatheangacha Iasachta. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/getmedia/bbb30195-a78a-4d66-9b80-04af66349905/JCMFLspec.pdf

Aireacht Oideachais Ontario (2016). *The Ontario Curriculum Grades 9 to 12: Classical Studies and International Languages* [ar líne]. Ar fáil: THE ONTARIO CURRICULUM, GRADES 9–12 | Classical Studies and International Languages

Aireacht Oideachais Ontario (2024a). *Course Descriptions and Prerequisites: Classical Studies and International Languages* [ar líne]. Ar fáil: Course Descriptions and Prerequisites (

Aireacht Oideachais Ontario (2024b). *Ontario's Strategy for International Education* [ar líne]. Ar fáil: Ontario's strategy for international education | ontario.ca

Teangacha Iar-bhunscoile Éireann. (2025). Acmhainní Teanga. Ar fáil ag: https://ppli.ie/languages-and-resources /

Rialtas na hAlban (2012). *Language Learning in Scotland: a 1+2 Approach* [ar líne]. Ar fáil: Language learning in Scotland: a 1 + 2 approach - gov.scot (arna rochtain an 6 Aibreán 2025).

Rialtas na hAlban (2024). *1+2 Languages Policy: Findings from the 2023 Survey of Local Authorities* [ar líne]. Ar fáil: 1. Introduction - 1+2 languages policy: findings from the 2023 survey of local authorities - gov.scot

Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) (2025). *Higher Modern Languages* [ar líne]. Ar fáil: Higher Modern Languages - SQA

SLO na hÍsiltíre (2021). *What is the Importance of Teaching These Subjects* [ar líne]. Ar fáil: What is the importance of teaching these subjects? - SLO (arna rochtain an 6 Aibreán 2025).

SLO na hÍsiltíre (2024a). *The ECA* [ar líne]. Ar fáil ag: the CEFR - SLO

SLO na hÍsiltíre (2024b). *The ECA: Levels Secondary Education* [ar líne]. Ar fáil: Levels secondary education - SLO

SLO na hÍsiltíre (2025). *Guidelines for School Exams* [ar líne]. Ar fáil: Guidelines for school exams - SLO

SLO na hÍsiltíre (gan dáta). *Chinese VWO: Position Subject and Teaching Hours Table* [ar líne]. Ar fáil: Position subject and teaching hours table - SLO (arna rochtain an 12 Aibreán 2025).

SLO na hÍsiltíre (gan dáta). *HAVO/VWO* [ar líne]. Ar fáil: Havo/vwo - SLO (arna rochtain an 12 Aibreán 2025).

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2016). Tuarascáil an Phríomh-Scrúdaitheora do Scrúdú Fraincise na hArdteistiméireachta, 2016. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-96544677.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2016). Tuarascáil an Phríomh-Scrúdaitheora do Scrúdú Gearmáinise na hArdteistiméireachta, 2016. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-90132213.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2016). Tuarascáil an Phríomh-Scrúdaitheora do Scrúdú Iodáilise na hArdteistiméireachta, 2016. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-22665533.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2016). Tuarascáil an Phríomh-Scrúdaitheora do Scrúdú Seapáinise na hArdteistiméireachta, 2016. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-13160250.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2016). Tuarascáil an Phríomh-Scrúdaitheora do Scrúdú Rúisise na hArdteistiméireachta, 2016. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-38560076.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2016). Tuarascáil an Phríomh-Scrúdaitheora do Scrúdú Spáinnise na hArdteistiméireachta, 2016. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/misc-doc/BI-EN-83684100.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2025). Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ar fáil ag: https://www.examinations.ie/
Rialtas Stáit Victoria (2024). *Learn a Language: Live your Dreams* [ar líne]. Ar fáil: Learn a language, live your dreams | vic.gov.au

Roinn Oideachais agus Forbartha Luath-Óige Stát Victoria (2013). *Languages: Expanding your World. Plan to Implement the Victorian Government's Vision for Languages Education 2013–2025* [ar líne]. Ar fáil: 4b10b.LanguagesExpandingYour.pdf

Roinn Oideachais agus Forbartha Luath-Óige Stát Victoria (2011). *The Victorian Government's Vision for Languages Education* [ar líne]. Ar fáil: 05a4d.TheVictorianGovernment.pdf

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *Collaborative Curriculum and Assessment Framework for Languages* [ar líne]. Ar fáil: Pages - Collaborative Curriculum and Assessment Framework for Languages

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *VCE Study Designs: Languages* [ar líne]. Ar fáil: Pages - VCE Study Designs - Languages

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *VCE Study Designs: Spanish* [ar líne]. Ar fáil: Pages - Spanish

Victorian Tertiary Admissions Centre (VTAC) (2024). *ATAR and Scaling 2026* [ar líne]. Ar fáil: VTAC ATAR and Scaling Guide 2026

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment